

## Port of Cork Company

consolidated financial statements for the financial year ended 31 December 2016

## Cuideachta Phort Chorcaí

ráitis chomhdhlúite airgeadais don bhliain airgeadais dar deireadh 31 Nollaig 2016



# 2016



## Contents / Clár Ábhar

Chairperson's Report for 2016 .....	ii
<i>Tuarascáil an Chathaoirligh do 2016</i>	
Chief Executive's Report.....	xx
<i>Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh</i>	
Directors and Other Information.....	1
Report of the Directors .....	2
Directors' Responsibilities Statement .....	9
Independent Auditor's Report .....	10
Consolidated Income Statement .....	12
Consolidated Statement of Comprehensive Income .....	13
Consolidated Statement of Financial Position .....	14
Company Statement of Financial Position .....	15
Consolidated Statement of Cash Flows .....	16
Consolidated Statement of Changes in Equity .....	17
Notes to the Consolidated Financial Statements.....	18
Stiúrthóirí agus Faisnéis Eile .....	41
Tuarascáil na Stiúrthóirí .....	42
Ráiteas Freagrachtaí na Stiúrthóirí .....	49
Tuarascáil na nIníochóirí Neamhspleácha .....	50
Ráiteas Comhdhlúite Ioncaim.....	52
Ráiteas Comhdhlúite Ioncaim Chuimsithigh .....	53
Ráiteas Comhdhlúite faoin Staid Airgeadais .....	54
Ráiteas na Cuideachta faoin Staid Airgeadais .....	55
Ráiteas Comhdhlúite an tSreabhaidh Airgid .....	56
Ráiteas Comhdhlúite faoi Athruithe Cothromais .....	57
Nótaí do na Ráitis Chomhdhlúite Airgeadais .....	58

### Contact

Tel: 00 353 21 4273125

Fax: 00 353 21 4276484

Web: [www.portofcork.ie](http://www.portofcork.ie)

Email: [info@portofcork.ie](mailto:info@portofcork.ie)

**Chairperson’s Report for 2016 as required under  
the Code of Practice for the Governance of State Bodies and  
Section 28(4) of the Harbours Acts 1996-2015  
Port of Cork Company and its Subsidiary Undertakings**

***Introduction:***

In 2016, Port of Cork and Bantry traffic amounted to 9.5 million tonnes compared to 11 million tonnes in 2015 which represents a decrease of 1.5 million tonnes or 13.6%. Bantry oil throughput was down by 867,000 tonnes, oil throughput at Whitegate decreased by 525,000 tonnes and the closure of the Lisheen Mine resulted in a loss of 200,000 tonnes.

Turnover for the year 2016 amounted to €29.6 million (incl. €0.21 million Bantry Turnover) down from €29.8 million (incl. €0.65 million Bantry Turnover) in 2015. Consolidated Profit on ordinary activities before taxation amounted to €4.1 million compared to €5.2 million in 2015, a decrease of €1.1 million or 22% due to the loss of Lisheen, reduced Whitegate and Bantry Oil traffic and increased costs associated with the Ringaskiddy re-development project.

Achievements in 2016 at the Port include:

- Achieving a throughput of 9.5 million tonnes, turnover of €29.6 million, operating surplus of €4.1 million and EBITA of €8.1 million.
- Total Container Traffic was 209,860 TEU, which was an increase of 2% on the 2015 figure of 205,829 TEU.
- Cruise – A total of 58 Liners called to the Port in 2016 which was an increase in the number of 2015 calls. Significantly there are bookings of 69 calls for 2017 and 91 calls for 2018.
- The completion in the period January to April 2016 of the Ringaskiddy Port Redevelopment – Advance Works to comply with planning environmental constraints (namely the bird nesting season), so as not to delay the commencement of the main Civil & Infrastructural works in 2017.
- Completion of the Ringaskiddy Port Redevelopment PQQ (Prequalification) evaluation process with regard to the main works, identifying three potential contract suppliers and the Ringaskiddy Redevelopment “Main Works Contract” Tender Documentation was issued in June 2016.
- The Company agreed a funding structure for the Ringaskiddy Port Redevelopment with the EIB, AIB and ISIF, the Ireland Strategic Investment Fund. The Company is currently finalising legal documentation with these institutions and working with NewEra on behalf of the Minister for Transport Tourism & Sport prior to applying for Ministerial borrowing approval.
- The Company obtained the approval of the Department of Transport Tourism & Sport to purchase a shareholding in the JV Company, proposing to purchase and re-develop Marino Point.
- Implementation of a new automatic truck gate operating system at the Tivoli Container Terminal.
- Completion of the investment of €1.5 million in upgraded, expanded and improved Cruise Berthing Facilities at the Cobh Deepwater Cruise Terminal to accommodate the maximum sized quantum class cruise vessels.
- Registered the Port of Cork Company as a DAC (Designated Activity Company) in compliance with the Companies Act 2014 and the requirements of the Department of Transport Tourism & Sport.
- Considerable progress with Phase 1 of the Bantry Inner Harbour Development costing in the region of €8.9 million, due to be completed by the summer of 2017.

- Constant engagement with Key Customers.
- ISO14001, OHSAS 18001 and IPSEM continued accreditations.

### **€672,879 Dividend payment to Department of Finance:**

The Board of Directors of the PoCC approved a dividend payment to the Exchequer of €672,879 in May 2016, being 3% higher than the €650,460 paid in 2015. It is the policy of the PoCC to support the shareholder and continue to pay a yearly dividend while also pursuing its capital strategic development plan and achieving a reduction in its pension fund deficit.

### **Trade Performance:**

Oil traffic at Whitegate remains the largest and most significant trade in the Port of Cork recording over 5.3 million tonnes (2015: 5.8 million) through the facility in 2016. We were very pleased to learn on the 3<sup>rd</sup> August 2016 that an agreement was reached with Irving Oil, a Canadian Family owned Oil Refining Company to purchase the Whitegate Oil Refinery and that they intend to continue refining there.

In 2016, Oil traffic at the Whiddy Bantry Zenith Oil Storage Facility amounted to 297,937 million tonnes compared to 1,164,674 million tonnes in 2015, a decrease of 866,737 million tonnes which is a concern to the PoCC, in particular with the on-going cost of the Bantry redevelopment.

In 2016, Port of Cork non-oil traffic including containers amounted to 3.9 million tonnes compared to 4 million tonnes in 2015, a decrease of 0.1 million tonnes or 3% primarily due to the loss of the lead and zinc export traffic following the closure of the Lisheen Mine. Trade vehicle importation in 2016 amounted to 46,977 units compared to 48,879 units in 2015, a decrease of 1,902 units or 4%.

Other non-oil traffic imports of animal feed, fertilisers, coal, LPG, chemicals and cement all increased while imports of cereals, timber and exports of woodchips, decreased compared to 2015. As the Lisheen mine was exhausted, the export of lead and zinc concentrate from the Lisheen facility in Tivoli terminated with the last shipment of product in January 2016. Lisheen Milling obtained planning permission to demolish the export building located in the Tivoli Dock & Industrial Estate prior to surrendering the facility back to the PoCC in 2017.

In 2016, the port's container traffic amounted to 209,860 TEU's compared to 205,829 in 2015, an increase of 2%.

Brittany Ferries continued on the tourist ferry route from Cork to Roscoff, running every Saturday from March to October 2016. The loss of two Brittany Ferries sailings in May 2016 as a result of a technical problem saw a reduction in passenger numbers in the 2016 season. In total 58 cruise liners called to the port in 2016 compared to 54 cruise liners in 2015 carrying nearly 128,000 passengers and crew to visit the region.

### **Container Handling Facilities at Tivoli:**

Container Traffic, at the Tivoli Container Terminal increased by a cumulative 24% in the three years to December 2016. Over this period, the Board of Directors approved additional investment of circa €1.9 million in the Tivoli Container Terminal to accommodate this traffic growth, including installation of additional reefers, accommodating the movement of adjacent licence tenants, the purchase of second hand straddle carriers and the implementation of a new automatic truck gate operating system which was commissioned in the last quarter of 2016.

These investments along with the Ringaskiddy investments demonstrate the Port of Cork's commitment to continue to grow business and in turn, provide a much needed stimulus in Ireland's import and export trade. The container vessels accommodated at Ringaskiddy are the largest which can be accommodated in Ireland, thus highlighting the deep-water capabilities of the Port of Cork.

### **Port Redevelopment at Ringaskiddy:**

The limitations at the existing Lo-Lo facilities in the Tivoli Container Terminal (water depth, width for vessel swinging, landside terminal capacity) requires the relocation of the container business downstream to the lower harbour at Ringaskiddy. Maritime traders want to enter and exit the harbour as quickly as possible. The Port redevelopment will be beneficial to the Port, Port Customers, the City, the wider Cork Community and the Region.

The Company was granted full planning permission for critical infrastructure redevelopments at Ringaskiddy in 2015. The Port welcomed this decision as it will enable the Port to future proof Cork as an international gateway for trade to continue to meet the needs of our customers and the economic developmental needs of the region and the local and national economies.

The Company is conscious of the concerns raised by the residents of Cork Harbour and we continue to consult all stakeholders in relation to the development. Securing future development potential for the Port of Cork, translates into significant economic benefits for Cork and the Munster region, as well as the national economy. 98% of goods imported or exported from Ireland are moved by ship, amounting to over €14 billion annually in Cork alone, highlighting the importance of ports to the economy of the region.


The Company applied in July 2016 to An Bord Pleanála (ABP) under the Planning and Development (Strategic Infrastructure) Act 2006 section 146B for an altered first phase of the Ringaskiddy Development which includes:

- an Optimised 360m Single Berth,
- a Straddle Carrier Operating System, and
- a new maintenance building for straddle carriers.

In October 2016, ABP requested an Environmental Impact Assessment with regard to the proposed alterations which was submitted in December 2016. ABP have published a decision date of May 2017 with regard to the alterations. The Department of Housing, Planning, Community & Local Government Marine Planning & Foreshore section have stated that they will process the Foreshore Licence application promptly following the ABP decision.

This development represents the first phase of the implementation of the Port of Cork's Strategic Development Plan, the core principles of which were endorsed in the National Ports Policy, which highlighted Cork as a Tier 1 port of national significance. This development is estimated to cost circa €82 million in the period 2016 – 2019 including €50 million infrastructure and €18 million Superstructure (cranes / straddle carriers). This project will be financed from cash reserves, EU CEF financial support, EIB, AIB and ISIF the Ireland Strategic Investment Fund borrowing. The Company is currently finalising legal documentation with the financial institutions and working with NewEra who were appointed to advise the Minister for Transport Tourism & Sport on the project.

Phase 1 of the Ringaskiddy Port Redevelopment project is expected to be operational by 2020 and will facilitate, on a phased basis, the Port of Cork in transferring LoLo cargo handling activities from Tivoli to Ringaskiddy.



*Ringaskiddy Phase 1 Development will include an Optimised 360m Single Berth, a Straddle Carrier Operating System and some new maintenance buildings.*

**TEN-T:**

The PoCC was successful in 2013 with its funding application made under “The Acceleration / Facilitation for the implementation of TEN-T projects”. This priority addressed activities alleviating bottle-necks and promoting cross-border connectivity at European level, through financially assisting Preparatory Studies (e.g. feasibility, environmental and design studies), concerning the development of projects with the aim to create a mature project, where EU added value is clearly demonstrated. Fifty percent grant aid was made available to obtain statutory consents for the Ringaskiddy development, complete financial and economic appraisals, detailed designs, communication plan and prepare tender documents. The Port of Cork submitted a final claim under this project in June 2016 and the Company was paid €912,682 in November 2016 following a detailed review by the European Commission, Innovation and Networks Executive Agency (INEA) Project Manager.

**2015 Connecting Europe Facility (CEF) TEN-T Funding Application:**

The Port of Cork is designated a Core port on the TEN-T North Sea-Mediterranean Priority Corridor, along with being identified as a Tier 1 Port in the National Ports Policy. The PoCC submitted an application for TEN-T Transport Section CEF Funding to the European Commission DG-Move (Directorate General for Mobility and Transport) during 2015 following Department of Transport Tourism & Sport endorsement. The European Commission notified the PoCC that they had decided to allocate €12.74 million (17.5% of eligible expenditure) to fund the construction of the proposed Ringaskiddy project.

In February 2016, the PoCC in partnership with DFT (Dublin) and Belfast Harbour submitted an application under the “Motorways of the Seas” scheme for EU funding assistance for ship to shore cranes, straddle carriers and the gate operating system. Unfortunately, this February 2016 application was not successful.

### **Bantry Bay Port Company DAC:**

Bantry Bay Port Company (BBPC) was established in 2014 as a 100% subsidiary of the Port of Cork Company to operate Bantry Harbour. The BBPC Business Plan for the years 2017 – 2019 provides the basis of the 2017 objectives for BBPC. The current objectives of this subsidiary Company are as follows:

- To achieve a Throughput of 335,000 tonnes, Revenue of €301,560 and an Operating Profit of €93,200 before Depreciation in 2017. Therefore the Company has an objective to improve the continued viability of BBPC which will be kept under review.
- To finish by the summer of 2017, Phase 1 of the Inner Harbour Development remedial and capital works at a cost of €8.9 million having secured the required funding for this development.
- To grow port revenue from pier users, parking and marine leisure and tourism interests. To introduce a fair charging regime for fishermen and other users.
- To support and co-operate with the Business community in Bantry.
- To support the growth of the business, trade (including stone exports) and cruise throughput of the Port Company. To promote the new pier development for cruise liners with nine liners scheduled to visit Bantry in 2017.
- To review current rate structure for all commercial vessels using Bantry Bay and to review and agree contractual arrangements with Zenith Energy.
- To ensure that the Port Company continues to comply with all regulatory matters including Health & Safety, Security via the Marine Survey Office, Environmental, Internal Financial Control Procedures and Corporate Governance and Risk Management.
- To have in place the appropriate facilities and plant to service the needs of existing and potential customers.
- To continue to promote marine leisure and tourism, and be supportive of relevant community initiatives in Bantry Bay.

### **Ringaskiddy land and IDA Landswap:**

As part of the IMERC project at Ringaskiddy the PoCC is committed to the transfer of lands under its control, in consideration for IDA lands, to University College Cork for the construction of a new Maritime Research Centre adjacent to the Maritime College in Ringaskiddy. This would benefit all parties Port of Cork, IDA, UCC, CIT, Maritime College in the medium term. We will keep the Department of Transport Tourism & Sport updated with regard to this matter.

Given the shortage of land in Ringaskiddy for future Port developments, management researched properties which may come on the market in the Ringaskiddy area. Lands amounting to 4.78 acres were identified for sale across the road from the Port Ringaskiddy lands and the Board approved the purchase of this land at the November 2016 Board meeting at a value professionally certified as current market value.

### **Marino Point:**

The Marino Point site has, for a long time, been identified as a suitable Port site to complement facilities in Ringaskiddy. The site has:

- Rail connectivity;
- An Existing Jetty – 10m draft – Access and Berthage;



- Seveso designation on site – thereby presenting an opportunity to facilitate relocation of other Seveso sites from the City; and
- Significant development potential as a Cork Harbour Port site.

However, the site also has a number of potential challenges related to planning, licence consents, foreshore, bridge and road access and the cost of redevelopment.

The PoCC has sourced partners who have agreed to jointly acquire and redevelop the Marino Point site with the PoCC to have a 40% shareholding interest in this Joint Venture Company. In November 2015, the PoCC received Ministerial approval to acquire Share Capital in this JV Company and it is anticipated that this purchase from the Receiver David Hughes EY will be completed in April 2017.

Origin has an objective to secure a 15 acre portion of the Marino Facility for a SEVESO compliant site to relocate its SEVESO Goulding fertiliser business from Cork City Centre Docklands. Cork City Council wants all SEVESO facilities moved out of the city centre to facilitate Docklands re-development and Goulding is the last SEVESO site in the docks area. There is no other SEVESO site in the Cork area which will give Origin its requirement of 15 acres with port facility access.

### ***Cork City Docklands Development / Custom House, Custom House Quay:***

The PoCC maintains its support for the Cork Docklands redevelopment and intends playing a full role in ensuring the development potential of the area is realised. It has been decided that once the new Ringaskiddy Port is operational that all Tivoli and City Centre personnel will be relocated to the Port-owned Buckeye facility in Ringaskiddy. Following a detailed review of Ringaskiddy re-development funding options the Directors of the PoCC decided that the Custom House property located at Custom House Quay in the centre of Cork Docklands, would be advertised on the open market for sale. One party has expressed a keen interest in purchasing the property and the PoCC Board of Directors have agreed to proceed with negotiations subject to Departmental approval. The Company will submit a case for approval to the Department of Transport Tourism & Sport as soon as possible.

### ***Tourism:***

Cobh is synonymous with the Harbour's history and today boasts that it is home to Ireland's only dedicated Cruise terminal. Vessels up to 340m in length can currently be accommodated. In 2016, a total of 58 cruise liners called to Cork compared to 54 cruise liners in 2015 carrying in excess of 128,000 passengers and crew to visit the region. Planning consent was granted by Cork County Council for a €1.5 million investment in upgraded, expanded and improved Cruise Berthing Facilities at the Cobh Deepwater Cruise Terminal to provide sufficient mooring infrastructure and water depth to accommodate the largest Quantum Class cruise vessels at the Cobh cruise terminal. These works were completed in quarter 1, 2016.

The combination of the Spike Island - Cobh / Titanic / Lusitania and Harbour Forts represents a unique tourism opportunity for the region. The Port is actively involved in these projects and believes the new experiences they offer are complementary to Cruise traffic. The Port is investigating additional access points across the Harbour and is working with Cork County Council to provide a new berth in Cobh at Lynch's Quay to immediately facilitate access to Spike and cruise liners in the longer term.

Cobh Maritime Development Company Limited was formed in March 2013 as a non-trading "special purpose entity" involving Cork County Council, Cork City Council, Cobh Urban District Council and the PoCC. The sole purpose of this entity is to develop an area in the Cobh Railway Station to offer tourists and cruise passengers additional facilities and exhibition accommodation.

### **Leisure and Recreation Strategy:**

In developing a Leisure and Recreation Strategy for Cork and Bantry Harbours, the Company has identified a number of initiatives for further development of the marine recreation sector, thereby helping and supporting an important source of enjoyment and economic gain for residents and visitors alike.

The Port of Cork City Marina proved to be a major addition to Cork City facilitating a number of local events including Cork Harbour Open Day, Ocean to City and the Cobh to Blackrock race etc. The Company, through its Corporate Social Responsibility Policy continues to have wide involvement with all Port stakeholders and Harbour Community Groups including developments at Monkstown and Aghada.

Bantry Bay Port Company DAC, continued to support local leisure, recreation and tourism activities highlighting the potential of the area. Phase 1 of the Bantry Inner Harbour remedial and capital works Development includes a new marina which will provide berthage for up to 20 yachts close to the town for local and visiting craft. This will provide a critical kick-start for the marine leisure industry and will attract more marine tourism to the area. Improved access and facilities to the town pier will support existing businesses, and promote and increase commercial activity in Bantry Harbour and Town.

2017 will mark the hundredth anniversary of the arrival of the US Navy to Cork and Bantry harbours as America entered World War 1. The Port is planning an event in Cobh to mark this on the 4<sup>th</sup> May 2017. It also marks the hundredth anniversary of the Ford Motor Company commencing production and export of motor cars and tractors from the Marina in Cork City.

### **Developing Tourism potential:**

The Ports of Cork and Bantry are active participants in a number of initiatives aimed at developing the tourism potential in Cork and Bantry Harbours. These include participating in Cruise Ireland, Cork Cruise, the Cork County Council Spike Island working group, the Cork Harbour Management Group, working with the Cobh and Harbour Chamber of Commerce, the Bantry Bay User Forum and the Whiddy Island Association.

It is the view of the Company that considerable potential exists for commercial tourism opportunities in the Harbours which would support the growth of the established cruise and other tourism related businesses. The Company intends to play a leading role in the promotion of the rich maritime, emigration and trading history of Cork Harbour and Bantry which can, in time, generate economically sustainable businesses and employment opportunities.

### **Defined Benefit Pension Fund Deficit:**

The PoCC operates defined benefit pension schemes for employees who joined the Company prior to the 6<sup>th</sup> March 2006. For employees recruited after 6<sup>th</sup> March 2006, the Company operates a Defined Contribution Pension Scheme.

The latest full actuarial valuation of the PoCC's Defined Benefit Pension Schemes was carried out at 1 January 2015 by Mercer Limited, Actuaries and Consultants, using the minimum funding standard valuation of liabilities. At the date of the actuarial valuation the market value of the assets of the schemes was €45.76 million and the actuarial valuation showed that the actuarial value of those assets was 81% of the benefits that had accrued to members. The FRS102 valuation showed a deficit of €9.6 million as at 31<sup>st</sup> December 2016 (2015: €6.6 million). A Funding Agreement is in place between the Trustees and the Company, approved by the Pensions Authority

on a programme to fund the Pension Fund by 2023.

Full details regarding the PoCC Pension Schemes-Actuarial Valuation and FRS102 Disclosures are included in note 22 to the draft 2016 Annual Financial Statements attached.

**Immediate Priorities:**

The immediate priorities of the PoCC are to:

- Significantly reshape and right size port infrastructure for a long term and viable future by progressing the Ringaskiddy re-development with ABP consent through the tendering, evaluation, approvals, contract award and commencement process,
- Complete legal agreements with EIB, AIB and ISIF on funding for this project,
- Continue growth at the Ports of Cork and Bantry through renewed competitiveness, investment and profitability for the long term and continued engagement with all our customers,
- Progress with a JV to develop the Marino Point property,
- To identify and plan for the challenges and opportunities associated with Brexit, and
- Assist regional economic development opportunities to the fullest in the areas of City Quays / Cork Docklands re-development, Tivoli, Ringaskiddy, Cobh, and Bantry, through promotion of tourism, maritime research and industrial expansion.

**Board Composition:**

I would like to thank the Department in the initial engagement phase of the appointment of directors to the Board of the Port of Cork. Mr. Paul Mulvihill and Mr. Brian Cantwell retired from the Board in December 2016 and served the company with distinction. We look forward to restoring the composition of the Board to eight members during 2017 through the appointment of suitable Directors with suitable competency.

**Acknowledgements:**

I would like to thank the Minister for Transport, Tourism and Sport Mr. Shane Ross T.D., and his predecessor, Mr. Paschal Donohoe T.D., and the Minister for Finance for all their continued support, help and advice and I am confident this will continue into the future. I acknowledge the dedicated manner in which all staff at the Department of Transport Tourism and Sport, engage with the PoCC.

I would like to thank the Chief Executive, Mr. Brendan Keating, the management and all the employees for their continued dedication and contribution to the company during 2016.

Finally, I would like to thank my fellow Directors, for their commitment and interest in the affairs of the Company together with their loyal support and diligence in attending board, committee, subsidiary company, trustee meetings and other company events.

**Mr. John Mullins,  
Chairman,  
May 2017**

**Tuarascáil an Chathaoirligh do 2016 faoi mar a éilítear faoin  
gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit agus  
faoi Alt 28(4) an Achta um na Cuain 1996-2015  
Cuideachta Phort Chorcaí agus a Cuid Gnóthas Fochuideachta**

***Intreoir:***

I 2016, ba é méid tráchta Phort Chorcaí agus Bheanntaí ná 9.5 milliún tona i gcomparáid le 11 milliún tona i 2015, is ionann sin agus laghdú de 1.5 milliún tona nó 13.6%. Bhí tréchur ola i mBeanntaí thíos faoi 867,000 tona, chuaigh tréchur ola ag an nGeata Bán i laghad faoi 525,000 tona agus bhí de thoradh ar dhúnadh mianach an Lisín cailteanas de 200,000 tona.

Ba é méid an láimhdeachais don bhliain 2016 ná €29.6 milliún (lena n-áirítear €0.21 milliún de Láimhdeachas i mBeanntaí), thíos ó €29.8 milliún (lena n-áirítear €0.65 milliún de Láimhdeachas i mBeanntaí) i 2015. Ba é méid an Bhrabúis Chomhdhlúite ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas ná €4.1 milliún i gcomparáid le €5.2 milliún i 2015, sin laghdú de €1.1 milliún nó 22% mar gheall ar chailteanas an Lisín, trácht laghdaithe ag an nGeata Bán agus i mBeanntaí, agus costais mhéadaithe a bhaineann le tionscadal athfhorbartha Rinn an Scidígh.

Áirítear mar chuid den ghnóthachtáil i 2016 ag an bPort:

- Baint amach tréchur de 9.5 milliún tona, láimhdeachas de €29.6 milliún, farasbarr oibriúcháin de €4.1 milliún agus EBITA de €8.1 milliún.
- Ba é líon iomlán an Tráchta Choimeádáin ná 209,860 TEU, sin méadú 2% ar fhiúir 2016 de 205,829 TEU.
- Cúrsaí Cúrsála – Thug líon iomlán de 58 Línear cuairt ar an bPort i 2016, sin méadú ar líon na gcuartheanna i 2015. Ábhar suntais é go bhfuil 69 gcuartheanna curtha in áirithe do 2017, agus 91 cuairt do 2018.
- Cur i gcrích sa tréimhse Eanáir go hAibreán 2016 Athfhorbartha Poirt Rinn an Scidígh – Réamhoibreacha chun srianta timpeallachta pleanála (is é sin le rá séasúr neadaithe na n-éan), sa tslí nach gcuirfear moill ar thosú na bpríomhoibreacha Sibhialta & Infrastruchtúir i 2017.
- Cur i gcrích próisis mheastóireachta réamhcháilithe (RC) Athfhorbartha Phort Rinn an Scidígh i dtaca leis na príomhoibreacha, ag aithint triúr ábhar soláthróirí conartha; eisíodh Doiciméid Tairisceana “Chonartha Príomhoibreacha” Athfhorbartha Rinn an Scidígh i Mí Mheithimh 2016.
- Chomhaontaigh an Chuideachta struchtúr maoinithe d’Athfhorbairt Phoirt Rinn an Scidígh le EIB, AIB agus ISIF - Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann. Faoi láthair tá an Chuideachta ag cur críche le doiciméid dlí leis na hinstiúidí seo, agus ag obair le NewEra ar son an Aire Iompair, Turasóireachta & Spóirt sula gcuirtear iarratas isteach ar fhaomhadh iasachta ón Aire.
- Fuair an Chuideachta faomhadh ón Roinn Iompair, Turasóireachta & Spóirt chun scairsheilbh a cheannach i gComhlacht JV, agus é beartaithe Pointe Marino a cheannach agus a athfhorbairt.
- Cur i bhfeidhm córais nua uathoibríoch oibriúcháin gheata leoraí ag Críochfort Coimeádán Tivoli.
- Cur i gcrích infheistiú €1.5 milliún in Áiseanna uasghrádaithe, leathnaithe agus feabhsaithe Bearta Cúrsála ag Críochfort Domhainisce Cúrsála an

Chóibh, chun freastal a dhéanamh ar na soithí cúrsála is mó a bhaineann leis an aicme ‘quantum’.

- Cláraíodh Cuideachta Phort Chorcaí mar CAG (Cuideachta le Gníomhaíocht Ainmnithe), le cloí le hAcht na gCuideachtaí 2014, agus le riachtanais na Roinne Iompair, Turasóireachta & Spóirt.
- Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le Céim 1 d’Fhorbairt Chuain Laistigh Bheanntaí, ar chostas thart ar €8.9 milliún, agus í le cur i gcrích i samhradh 2017.
- Teagmháil leanúnach le Príomhchustaiméirí.
- Creidiúnuithe ISO14001, OHSAS 18001 agus IPSEM.

### ***Íocaíocht díbhinne €672,879 chuig an Roinn Airgeadais:***

D’fhaomhaigh Bord Stiúrthóirí CPC íocaíocht díbhinne chuig an Státchiste ar luach €672,879 i Mí na Bealtaine 2016, sin 3% níos airde ná an tsuim de €650,460 a íocadh i 2015. Is é polasaí CPC ná tacú leis an scairshealbhóir agus leanúint uirthi de bheith ag íoc díbhinne bliantúla, ag cur i gcrích ag an am céanna a plean forbartha straitéisí caipitil agus ag baint amach laghdú ina heasnamh ciste díbhinne.

### ***Feidhmíocht Trádála:***

Is é an trácht ola ag an nGeata Bán an trádáil is mó agus is suntasaí i gcónaí i bPort Chorcaí, ag taifeadadh breis is 5.3 milliún tona (2015: 5.8 milliún) tríd an áis i 2016. Bhíomar an-sásta foghlaim ar 3 Lúnasa 2016, gur baineadh comhaontú amach le Irving Oil, Cuideachta Theaghlaigh Scagtha Ola, chun Scaglann Ola an Gheata Bháin a cheannach, agus go bhfuil sé i gceist acu leanúint orthu le scagadh ola ansin.

I 2016, ba é méid an tráchta Ola ag Áis Stórála Ola Zenith Faoide Bheanntaí ná 297,937 milliún tona i gcomparáid le 1,164,674 milliún tona i 2015, sin laghdú 866,737 milliún tona; ábhar inní é sin ag CPC, go háirithe ag cur san áireamh costas leanúnach athfhorbartha Bheanntaí.

I 2016, ba é méid tráchta neamhola Phort Chorcaí ná 3.9 milliún tona i gcomparáid le 4 mhilliún tona i 2015, sin laghdú 0.1 milliún tona nó 3% go príomha mar gheall ar chailleanas an tráchta easpórtála luaidhe agus since, tar éis dúnadh Mianach an Lisín. Ba é líon na bhfeithiclí trádála a allmhairíodh i 2016 ná 46,977 aonad, i gcomparáid le 48,879 aonad i 2015, sin laghdú 1,902 aonad nó 4%.

Chuaigh iompórtálacha eile nach ola iad: bia ainmhithe, leasacháin, gual, GPL, ceimiceáin agus suimint, chuaigh siad ar fad i méid ach chuaigh iompórtálacha gránbharr, adhmaid agus easpórtálacha sliseanna adhmaid ar fad i laghad i gcomparáid le 2015. Ós rud é go raibh mianach an Lisín ídithe, tháinig easpórtáil tiúcháin luaidhe agus since ó áis an Lisín i Tivoli chun críche leis an lastas deireanach táirge i Mí Eanáir 2016. Fuair Lisheen Milling cead pleanála chun an foirgneamh easpórtála a leagan a bhí lonnaithe i nDug & Eastát Tionsclaíoch Tivoli sula dtabharfaí an áis ar ais do CPC i 2017.

I 2016, ba é méid trácht coimeádáin an phoirt ná 209,860 TEU i gcomparáid le 205,829 i 2015, sin méadú 2%.

Lean Brittany Ferries ar aghaidh le feidhmiú bhealach an bháid fharantóireachta turasóireachta ó Chorcaigh go Roscoff, gach Satharn ó Mhárta go Deireadh Fómhair 2016. Le cailleanas dhá sheoladh de chuid Brittany Ferries i Mí na Bealtaine 2016, de

thoradh ar fhadhb theicniúil, tharla laghdú ó thaobh líon na bpaisinéirí i séasúr 2016. San iomlán thug 58 gcrúslong cuairt ar an bport i 206, i gcomparáid le 54 chrúslong i 2015, iad ag iompar beagnach 128,000 paisinéirí agus ball foirne chun cuairt a thabhairt ar an réigiún.

### **Áiseanna Láimhseála Coimeádáin ag Tivoli:**

Chuaigh Trácht Coimeádáin, ag Críochfort Coimeádáin Tivoli, i méid faoi 24% go carnach sna trí bliana go Mí na Nollag 2016. Thar an tréimhse seo, d'fhaomhaigh an Bord Stiúrthóirí infheistiú breise de circa €1.9 milliún i gCríochfort Coimeádáin Tivoli chun freastal a dhéanamh ar an bhfás tráchta seo, lena n-áirítear suiteáil soitheach cuisnithe breise, freastal a dhéanamh ar ghluaiseacht tionóntaí ceadúnais chongaraigh, ceannach iompróirí gabhalscartha dara láimhe agus cur i bhfeidhm córais nua oibriúcháin uathoibríoch geata leoraí; coimisiúnaíodh é sin i ráithe deireanach 2016.

Léiríonn na hinfheistíochtaí seo, in éineacht le hinfheistíochtaí Rinn an Scidígh, tiomantas Phort Chorcaí do bheith ag leanúint air de bheith ag fás gnó, agus lena sheal sin, agus spreagadh a sholáthar a bhfuil gá mór leis i dtrádáil iompórtála agus easpórtála na hÉireann. Is iad na soithí coimeádáin a ndéantar freastal orthu ag Rinn an Scidígh na cinn is mó ar féidir freastal a dhéanamh orthu in Éirinn, rud a chuireann béim ar chumais domhainisce Phort Chorcaí.

### **Athfhorbairt Phoirt ag Rinn an Scidígh:**

Éilíonn na srianta ag na háiseanna Lo-Lo i gCríochfort Coimeádáin Tivoli (doimhneacht an uisce, leithead do luascadh na soithí, toilleadh críochfoirt taobh na talún) athlonnú ghnó na gcoimeádán síos an abhainn chuig an gcuan níos ísle ag Rinn an Scidígh. Is mian le trádálaithe muirí dul isteach sa chuan agus imeacht uaidh chomh gasta agus is féidir. Rachaidh athfhorbairt an Phoirt chun tairbhe an Phoirt, Chustaiméirí an Phoirt, na Cathrach, agus Phobal agus Réigiún Chorcaí i gcoitinne.

Deonadh lánchead pleanála ar an gCuideachta le haghaidh athfhorbairtí criticiúla infrastruchtúir ag Rinn an Scidígh i 2015. Chuir an Port fáilte roimh an socrú seo, ós rud é go gcuirfidh sé ar chumas an Phoirt tairseach idirnáisiúnta trádála a dhéanamh de Chorcaigh a sheasfaidh an aimsir, tairseach a leanfaidh uirthi de bheith ag déanamh freastal ar riachtanais ár gcuid custaiméirí agus ar riachtanais fhorbartha eacnamaíche an réigiúin agus an gheilleagair áitiúil agus náisiúnta.

Tuigeann an Chuideachta cúiseanna inní cónaitheoirí Chuain Chorcaí agus leanaimid orainn de bheith ag dul i gcomhairle le gach páirtí leasmhar maidir leis an bhforbairt. Nuair a urraítear acmhainn fhorbartha don todhchaí do Phort Chorcaí, aistrítear sin go tairbhí suntasacha eacnamaíocha do Chorcaigh agus do réigiún na Mumhan chomh maith leis an ngeilleagar náisiúnta. Iompraítear i longa 98% de na hearraí a onnmhairítear nó a allmhairítear, sin breis is €14 billiún go bliantúil i gCorcaigh amháin, ag cur béime ar thábhacht na bport do gheilleagar na réigiúin.


Chuir an Chuideachta iarratas i Mí Iúil 2016 faoi bhráid an Bhoird Phleanála (ABP) faoin Acht um Phleanáil agus Forbairt (Infrastruchtúr Straitéiseach) 2006, Alt 146B, do chéad chéim athraithe d'Fhorbairt Rinn an Scidígh, a bhfuil mar chuid di:

- Beart Aonair Optamaithe 360m,
- Córas Oibriúcháin Iompróra Gabhalscartha, agus
- Foirgneamh nua cothabhála d'iompróirí gabhalscartha.

I Mí Dheireadh Fómhair 2016, d'iarr ABP Measúnacht Tionchair Thimpeallachta i dtaca leis na hathruithe beartaithe, a cuireadh faoi bhráid i Mí na Nollag 2016. D'fhoilsigh ABP dáta socraithe, Bealtaine 2017, i dtaca leis na hathruithe. Dhearbhaigh rannóg Pleanála Muirí & Urthrá na Roinne Tithíochta, Pleanála, Pobail & Rialtais Áitiúil go ndéanfaidh siad an t-iarratas Ceadúnais Urthrá a phróiseáil go pras, tar éis socrú ABP.

Is é atá i gceist leis an bhforbairt seo ná chéad chéim chur i bhfeidhm Phlean Forbartha Straitéisí Phort Chorcaí, ar tacaíodh leis na croíphrionsabail a bhaineann léi i bPolasaí Náisiúnta na bPort, plean a chuir béim ar Chorcaigh mar phort Leibhéal 1 a bhfuil tábhacht náisiúnta ag baint léi. Meastar go gcosnóidh an fhorbairt thart ar €82 milliún sa tréimhse 2016 – 2019, lena n-áirítear €50 million ar infrastruchtúr agus €18 milliún ar Fhorstruchtúr (craenacha / impróirí gabhalscartha). Maoineofar an tionscadal seo as cúlchistí airgid, tacaíocht airgeadais SCE ón Aontas Eorpach, agus iasachtaí ó EIB, AIB agus ISIF - Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann. Tá an Chuideachta ag cur críche faoi láthair le doiciméid dlí leis na hinstitiúidí airgeadais agus í ag obair le NewEra, a ceapadh le comhairle a thabhairt don Aire Iompair, Turasóiseachta & Spóirt ar an tionscadal.

Táthar ag súil leis go mbeidh Céim 1 de thionscadal Athfhorbartha Poirt Rinn an Scidígh ag feidhmiú faoi 2020, agus éascófar mar chuid di, ar bhonn céimnithe, Port Chorcaí agus é ag aistriú gníomhaíochtaí láimhseála lastais LoLo ó Tivoli go Rinn an Scidígh.



*Beidh mar chuid d'Athfhorbairt Céim 1 Rinn an Scidígh Beart Aonair Optamaithe 360m, Córas Oibriúcháin Iompróra Gabhalscartha chomh maith le roinnt foirgneamh nua cothabhála.*

## **TEN-T:**

D'éirigh leis an iarratas maoinithe a rinne CPC i 2013 faoin gcatagóir: “Luathú / Éascú chur i bhfeidhm tionscadal TEN-T”. Thug an tosaíocht seo aghaidh ar ghníomhaíochtaí a fhuasclaíonn scroigeanna agus a chothaíonn nascacht trasteorann ag an leibhéal Eorpach, trí chabhrú maoinithe a thabhairt do Staidéir Ullmhúcháin (m.sh. indéantacht, staidéar timpeallachta agus deartha), maidir le forbairt tionscadal agus é mar aidhm tionscadal aibí, ceann ina léirítear go soiléir breisluach AE, a chruthú. Cuireadh cúnaimh deontais caoga faoin gcéad ar fáil le comhthoilithe reachtúla, breithmheasanna iomlána airgeadais agus eacnamaíocha, dearáí mionsonraithe agus plean cumarsáide a fháil d'fhorbairt Rinn an Scidígh agus doiciméid tairisceana a ullmhú. Chuir Port Chorcaí iarratas deiridh faoi bhráid faoin tionscadal seo i Mí Mheithimh 2016, agus íocadh €912,682 don Chuideachta i Mí na Samhna 2016, tar éis athbhreithnithe mhionsonraithe ag an gCoimisiún Eorpach, ag Bainisteoir Tionscadail Ghníomhaireacht Fheidhmiúcháin Nuálaíochta agus Líonraí (INEA).

### **Iarratas Maoinithe Saoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE) TEN-T i 2015:**

Tá Port Chorcaí ainmnithe mar Chroí-phort ar Chonair Tosaíochta TEN-T Muir Thuaidh-Meánmhuir, chomh maith le bheith aitheanta mar Phort Leibhéal 1 i bPolasaí na bPort Náisiúnta. Chuir CPC iarratas do Mhaoiniú SCE Rannóige Iompair TEN-T faoi bhráid DG-Move an Choimisiúin Eorpaigh (Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair) le linn 2015 tar éis tacú a fháil ón Roinn Iompair, Turasóireachta & Spóirt. Chuir an Coimisiún Eorpach in iúl do CPC gur shocraigh siad €12.74 milliún a leithdháileadh (17.5% den chaiteachas incháilithe) le tógáil an tionscadail atá beartaithe do Rinn an Scidígh a mhaoiniú.

I Mí Feabhra 2016, chuir CPC iarratas isteach, i gcomhar le CPF Bhaile Átha Cliath agus Cuan Bhéal Feirste faoin scéim “Mótarbhealaí na bhFarraigí” do chabhair maoinithe AE do chraenacha long go cladach, iompróirí gabhalscartha agus an córas oibriúcháin gheata. Ar an drochuair, níor éirigh leis an iarratas seo a rinneadh i Mí Feabhra 2016.

### **CGA Cuideachta Phort Bhá Bheanntaí:**

Bunaíodh Cuideachta Phort Bhá Bheanntaí (CPBB) i 2014 mar fhochuideachta 100% de Chuideachta Phort Chorcaí chun Cuan Bheanntaí a fheidhmiú. Soláthraíonn Plean Gnó CPBB do na blianta 2017 – 2019 bonn cuspóirí 2017 do CPBB. Seo a leanas cuspóirí reatha na Fochuideachta seo:

- Tréachur de 335,000 tona, Ioncam de €301,560 agus Brabús Oibriúcháin de €93,200 a bhaint amach roimh Dhímheas i 2017. Tá sé mar chuspóir ag an gCuideachta, mar sin de, feabhas a chur ar inmharthanacht leanúnach CPBB, a choimeádfar faoi athbhreithniú.
- Céim 1 d'oibreacha feabhais agus caipitil Fhorbairt an Chuain Istigh a chríochnú faoi shamhradh 2017, ag costas €8.9 milliún, tar éis an maoiniú riachtanach a urrú don fhorbairt.
- Ioncam poirt a fhás ó úsáideoirí cé, ó pháirceáil agus ó shainleasanna só muirir agus turasóireachta. Réimeas cothrom muirir a thabhairt isteach d'iascairí agus úsáideoirí eile.
- Tacú le comhoibriú leis an bpobal Gnó i mBeanntaí.
- Tacú le fás tréachur gnó, trádála (easpórtálacha cloiche san áireamh) agus cúrsála na Cuideachta Poirt. An fhorbairt nua ché do chrúslonga a chur chun



cinn, agus naoi gcrúslong nua le bheith ag tabhairt cuairte ar Bheanntaí i 2017.

- Athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúr reatha na rátaí do gach soitheach tráchtála a bhaineann úsáid as Bá Bheanntaí agus athbhreithniú a dhéanamh ar agus comhaontú a dhéanamh faoi shocruithe conartha le Zenith Energy.
- Cinntiú go leanann Cuideachta an Phoirt de bheith ag cloí le gach ceist rialála, Sláinte & Sábháilteacht agus Slándáil san áireamh, trí mheán na rudaí seo: Oifig na Suirbhéireachta Muirí, Gnáthaimh Thimpeallachta agus Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh agus Rialachas Corparáideach agus Bainistiú Riosca.
- Na háiseanna agus an gléasra cuí a bheith i bhfeidhm chun seirbhísiú a dhéanamh ar riachtanais na gcustaiméirí sin ar ann dóibh cheana agus d'ábhar custaiméirí.
- Leanúint ar aghaidh le cothú an tsó agus na turasóireachta muirí, agus bheith ag tacú le tionscnaimh phobail ábhartha i mBá Bheanntaí.

### **Talamh Rinn an Scidígh agus Malartú Talaimh ÚFT:**

Mar chuid de thionscadal IMERC ag Rinn an Scidígh, tá CPC tiomanta d'aistriú tailte atá faoina smacht, mar chúiteamh ar thailte de chuid ÚFT, go Coláiste na hOllscoile, Corcaigh do thógáil Lárionaid nua Thaighde Mhuirí in aice leis an gColáiste Muirí i Rinn an Scidígh. Rachadh sin chun tairbhe gach páirtí: Port Chorcaí, ÚFT, COC, CIT agus an Coláiste Muirí sa mheántearma. Coinneoidimid an Roinn Iompair, Turasóireachta & Spóirt ar an eolas i dtaca leis an gceist seo.

Ag cur san áireamh an t-easnamh talaimh i Rinn an Scidígh le haghaidh forbairtí Poirt amach anseo, rinne an lucht bainistíochta taighde faoi réadmhaoín arbh fhéidir go mbeadh sí ag teacht ar an margadh i gceantar Rinn an Scidígh. Aithníodh tailte ar méid 4.78 acra atá ar díol trasna an bhóthair ó thailte Poirt Rinn an Scidígh agus d'fhaomhaigh an Bord ceannach an talaimh seo ag an gcrúinniú Boird i Mí na Samhna 2016 ag luach a deimhníodh go gairmiúil mar an luach reatha margaidh.

### **Pointe Marino:**

Tá láithreán Pointe Marino aitheanta le fada ar láithreán Poirt a bheadh ag teacht le háiseanna i Rinn an Scidígh. Tá ag baint leis an láithreán:

- Nascacht iarnróid;
- Tá cé ann cheana féin – tarraingt 10m – rochtain agus beartlann;
- Ainmniú Seveso ar an láithreán – tugann sin deis dúinn athlonnú láithreáin eile Seveso a éascú ón gCathair; agus
- Acmhainn shuntasach fhorbartha mar láithreán Poirt Cuain Chorcaí.

Is ann, áfach, do roinnt dúshlán arbh fhéidir leo a bheith i gceist i dtaca le pleanáil, comhthoilithe ceadúnais, rochtain urthrá, droichid agus bhóthair agus costas na hathfhorbartha.

D'fhoinsigh CPC roinnt comhpháirtithe atá sásta láithreán Pointe Marino a fháil agus a athfhorbairt i gcomhpháirt le CPC, agus sainleas scairshealbhaithe 40% a bheith acu sa Chuideachta Chomhfhiontair (CF) seo. I Mí na Samhna 2015, fuair CPC faomhadh ón Aire chun Scairchaipiteal a fháil sa Chuideachta CF seo, agus táthar ag súil leis go gcuirfear an ceannach seo ón nGlacadóir David Hughes EY i gcrích i Mí Aibreáin 2017.

Tá sé mar chuspóir ag Origin 15 acra d'Áis Marino a fháil le haghaidh láithreáin a bheadh comhlíontach le SEVESO, chun a gnó leasacháin Goulding SEVESO a athlonnú ó Dhuganna Lár na Cathrach i gCorcaigh. Is mian le Comhairle Chathair Chorcaí go mbogfaí gach áis de chuid SEVESO amach as lár na cathrach chun athfhorbairt na nDuganna a éascú agus is é Goulding an láithreán deireanach SEVESO i gceantar na nduganna. Ní hann d'aon láithreán eile SEVESO i gceantar Chorcaí a chomhlíonfadh riachtanas Origin, is é sin 15 acra le rochtain áise poirt.

### **Forbairt Dhuganna Chathair Chorcaí / Teach an Chustaim, Cé Theach an Chustaim:**

Tá CPC fós ag tacú le hathfhorbairt Dhuganna Chorcaí, agus tá sé i gceist aici ról iomlán a chur i gcrích maidir le cinntiú go mbaintear amach lánphoitéinseal forbartha an cheantair. Socraíodh, a luaithe a bheas Port nua Rinn an Scidígh ag feidhmiú, go n-athlonnófar pearsanra ar fad Tivoli agus Lár na Cathrach chuig áis Buckeye i Rinn an Scidígh, áis ar leis an bPort í. Tar éis athbhreithnithe mhionsonraithe ar roghanna maoinithe athfhorbartha Rinn an Scidígh, shocraigh Stiúrthóirí CPC go bhfógrófaí réadmhaoin Theach an Chustaim atá lonnaithe ag Cé Theach an Chustaim i lár Duganna Chorcaí, le haghaidh díolacháin ar an margadh oscailte. Chuir páirtí amháin in iúl go bhfuil an-spéis acu i gceannach na réadmhaoine agus tá Bord Stiúrthóirí CPC sásta dul ar aghaidh le hidirbheartaíocht faoi réir ag faomhadh na Roinne. Cuirfidh an Chuideachta cás faoi bhráid le haghaidh faofa don Roinn Iompair, Turasóireachta & Spóirt chomh luath agus is féidir.

### **Turasóireacht:**

Is ionann stair an Chóibh agus stair an Chuain, agus inniu tá sé le maíomh ag an mbaile gurb ansin atá an t-aon chríochfort Cúrsála atá ag Éirinn lonnaithe. Faoi láthair is féidir freastal a dhéanamh ar shoithí suas le 340m ar fad. I 2016 thug san iomlán 58 long cúrsála cuairt ar Chorcaigh i gcomparáid le 54 long chúrsála i 2015, agus iad ag iompar breis is 128,000 paisinéirí agus ball foirne ar cuairt chuig an réigiún. Deonadh toiliú pleanála ag Comhairle Chontae Chorcaí le haghaidh infheistíochta €1.5 milliún ar uasghrádú, leathnú agus feabhsú Áiseanna Cur i mBeart Cúrsála ag Críochfort Cúrsála Domhainuisce an Chóibh, chun dóthain infrastruchtúir fheistithe agus doimhneachta uisce a sholáthar le freastal a dhéanamh ar na soithí cúrsála is mó Quantum Class ag críochfort cúrsála an Chóibh. Cuireadh na hoibreacha seo i gcrích i ráithe 1, 2016.

Tá deis ar leith turasóireachta don réigiún ag baint le hInis Píc – an Cóbh / an Titanic / an Lusitania agus Dúnfoirt an Chuain. Tá an Port rannpháirteach go gníomhach sna tionscadail seo agus creidimid go dtagann na cineálacha nua taithí turasóireachta a thairiscíonn siad leis an trácht Cúrsála. Tá an Port ag fiosrú pointí breise rochtana ar fud an Chuain, agus tá sí ag obair le Comhairle Chontae Chorcaí chun beart nua a sholáthar sa Chóbh ag Cé Uí Loingsigh, chun rochtain láithreach a éascú ar Oileán Píce agus ar longa cúrsála san fhadtéarma.

Bunaíodh Cuideachta Fhorbartha an Chóibh Mhuirí Teoranta i Mí Mhárta 2013 “aonán sainchuspóra” neamhthrádála ina bhfuil Comhairle Chontae Chorcaí, Comhairle Chathrach Chorcaí, Comhairle Cheantair Uirbigh an Chóibh agus CPC rannpháirteach. Is é an t-aon chuspóir a bhaineann leis an aonán seo ná limistéar i Stáisiún Iarnróid an Chóibh a fhorbairt chun áiseanna breise agus cóiríocht taispeántais a thairiscint.

### **Straitéis Só agus Chaitheamh Aimsire:**

Agus Straitéis Só agus Chaitheamh Aimsire á forbairt do Chuain Chorcaí agus Bheantraí, tá roinnt tionscnamh aitheanta ag an gCuideachta le haghaidh tuilleadh forbartha ar an earnáil áinís mhuirí, rud a chabhraíonn le agus a thacaíonn le foinse thábhachtach shuilt agus ghnóthachain eacnamaíoch do chónaitheoirí agus do chuirteoirí araon.

<b>(18) Provision for Liabilities– Group and Company:</b>	<b><u>2016</u></b>	<b><u>2015</u></b>
	<b>€</b>	<b>€</b>
Deferred Taxation	(168,729)	131,998
Port of Cork Superannuation Fund	2,068,000	1,886,000
Pensions (see note 21)	10,966,000	7,525,000
	<u>12,865,271</u>	<u>9,542,998</u>
Deferred Taxation:		
The amounts provided for the total potential deferred taxation liability are set out below:		
On difference between accumulated depreciation and amortisation of Capital Allowances	1,460,521	1,308,373
On Defined Benefit Pension Scheme	(1,370,750)	(940,625)
On Port of Cork Superannuation Scheme	(258,500)	(235,750)
	<u>(168,729)</u>	<u>131,998</u>
	<b><u>2016</u></b>	<b><u>2015</u></b>
<b>(19) Called up Share Capital Presented as Equity- Group and Company:</b>	<b>€</b>	<b>€</b>
Equity:		
Authorised:		
47,000,000 Ordinary Shares of €1.25 each	<u>58,750,000</u>	<u>58,750,000</u>
Allotted issued and fully paid:		
18,014,977 Allotted issued and fully paid Ordinary Shares of €1.25 each	<u>22,518,722</u>	<u>22,518,722</u>



**NOTES TO THE CONSOLIDATED FINANCIAL STATEMENTS (CONTINUED)**  
(For the financial year ended 31 December 2016)

(20) Movements on Reserves:	<u>2016</u>	<u>2016</u>	<u>2015</u>	<u>2015</u>
Capital Conversion Reserve Fund:	<u>Group</u>	<u>Company</u>	<u>Group</u>	<u>Company</u>
	€	€	€	€
Opening Balance as at 1 January	267,320	267,320	267,320	267,320
Movement for financial year	-	-	-	-
<b>Closing Balance as at 31 December</b>	<u>267,320</u>	<u>267,320</u>	<u>267,320</u>	<u>267,320</u>
<b>Capital Reserve Fund:</b>	<b>€</b>	<b>€</b>	<b>€</b>	<b>€</b>
Opening Balance as at 1 January	989	-	989	-
Movement for financial year	-	-	-	-
<b>Closing Balance as at 31 December</b>	<u>989</u>	<u>-</u>	<u>989</u>	<u>-</u>
<b>Profit and Loss Account:</b>	<b>€</b>	<b>€</b>	<b>€</b>	<b>€</b>
Opening Balance as at 1 January	51,628,835	51,200,333	42,897,436	42,148,987
Profit for the financial year	3,279,520	3,392,611	4,485,859	4,805,806
Actuarial (Loss)/ Gain) Recognised on Pension Schemes	(4,143,000)	(4,143,000)	5,596,000	5,596,000
Actuarial (Loss) / Gain Recognised on Port of Cork Superannuation Fund Liability	(182,000)	(182,000)	54,000	54,000
Dividend Paid	(672,904)	(672,904)	(650,460)	(650,460)
Deferred Tax related to Actuarial Gain / (Loss)	452,875	452,875	(754,000)	(754,000)
<b>Closing Balance as at 31 December</b>	<u>50,363,326</u>	<u>50,047,915</u>	<u>51,628,835</u>	<u>51,200,333</u>
<b>Total Reserves</b>	<u>50,631,635</u>	<u>50,315,235</u>	<u>51,897,144</u>	<u>51,467,653</u>

The Company paid a dividend of 3.74 cent per share during the year to its shareholder.

The profit and loss reserve represents cumulative profits or losses, including unrealised profit on the remeasurement of investment properties, net of dividends paid and other adjustments.

The capital conversion reserve represents the difference which arose on the conversion of the company's shares arising from the introduction of the euro.

**NOTES TO THE CONSOLIDATED FINANCIAL STATEMENTS (CONTINUED)**  
***(For the financial year ended 31 December 2016)***

**(21) Pension Schemes:**

**(a) Actuarial Valuation**

The Company operates defined benefit pension schemes. The latest full actuarial valuation of the Port of Cork Company's Pension Schemes was carried out at 1 January 2015 by Mercer Limited, Actuaries and Consultants, using the minimum funding standard valuation of liabilities. At the date of the actuarial valuation the market value of the assets of the schemes was €45.76 million and the actuarial valuation showed that the actuarial value of those assets was 81% of the benefits that had accrued to members. The contributions for the financial year amounted to €1.483 million (2015: €1.224 million) in accordance with independent professionally qualified actuary advice.

The Port of Cork Company made pension payments totalling €3.19 million during 2016 (2015: €3.1 million), on behalf of the Port of Cork Company Superannuation Fund.

The Board of Directors of the Port of Cork Company established a defined contribution pension scheme for new employees with effect from 1 January 2006. The Company paid an amount of €283,394 (2015: €246,200) into defined contribution pension schemes during 2016. The defined benefit pension schemes continue for existing members.

**(b) Disclosures**

**Financial Assumptions:**

The financial assumptions used to calculate the retirement liabilities at December 31, were as follows:

<b>Valuation Method</b>	<b>Projected Unit 2016</b>	<b>Projected Unit 2015</b>
Discount Rate	1.70%	2.40%
Inflation Rate	1.75%	1.75%
Salary Increases	1.75%	1.75%
Pension Increases	0.00%	0.00%

**Mortality Assumptions:**

The assumptions relating to life expectancy at retirement for members who retire at age 65 are as follows:

<b>Retiring Today</b>	<b>2016</b>	<b>2015</b>
Males	22.9	22.8
Females	24.9	24.8
<b>Retiring in 25 years</b>		
Males	25.7	25.6
Females	25.8	27.7

**NOTES TO THE CONSOLIDATED FINANCIAL STATEMENTS (CONTINUED)**  
**(For the financial year ended 31 December 2016)**

**(21) Pension Schemes –continued:**

The market value of the assets in the pension schemes (Port of Cork Company and Port of Cork Pilotage Authority the schemes' liabilities as at December 31, were:

	<b>Market Value at December 31</b>	
	<b>2016</b>	<b>2015</b>
	<b>€'000</b>	<b>€'000</b>
Equities	30,418	32,538
Bonds	19,050	16,091
Cash/Other	2,610	2,182
	<u>52,078</u>	<u>50,811</u>
Present value of pension scheme liabilities	(63,044)	(58,336)
Net deficit in pension schemes	(10,966)	(7,525)
Related deferred tax asset	1,371	941
Net pension liability	<u>(9,595)</u>	<u>(6,584)</u>

In calculating the market value of the assets above, an amount of €2.094m (2015: €1.598m) due to the Port of Cork Company has been deducted. The Port of Cork Company has a separate Capital Liability of €2.068m (2015: €1.9 m) excluded from the above calculations, which refers exclusively to the Port of Cork Company Superannuation Fund. However these amounts are included in the Consolidated Statement of Financial Position as outlined in notes 14 and 18 respectively.

	<b>2016</b>	<b>2015</b>
	<b>€'000</b>	<b>€'000</b>
(i) Analysis of the amount charged to operating profit		
Current Service Cost	582	552
	<u>582</u>	<u>552</u>
(ii) Analysis of the amount charged to other finance income is:		
Interest on scheme liabilities	1,362	1,260
Interest income	(1,201)	(1,003)
	<u>161</u>	<u>257</u>
<b>Financial Assumptions:</b>	<b>2016</b>	<b>2015</b>
	<b>€'000</b>	<b>€'000</b>
(iii) Analysis of the amount recognised in statement of total recognised gains and losses (consolidated statement of comprehensive income):		
Actual return less expected return on scheme assets	1,605	543
Experience gains	(231)	(444)
Changes in assumptions	(5,517)	5,497
Actuarial(Loss)/Gain recognised in consolidated statement of comprehensive income	<u>(4,143)</u>	<u>5,596</u>

**NOTES TO THE CONSOLIDATED FINANCIAL STATEMENTS (CONTINUED)**  
(For the financial year ended 31 December 2016)

**(21) Pension Schemes –continued:**

**(c) Disclosures - continued**

**Financial Assumptions- continued:**

(iv) Analysis of the movement in deficit during the financial year is:

	<b>2016</b>	<b>2015</b>
	<b>€'000</b>	<b>€'000</b>
(a) Change in benefit obligation		
Benefit obligation at beginning of financial year	58,336	64,558
Service cost	582	552
Interest cost	1,362	1,260
Plan participants' contributions	206	207
Actuarial loss/ (gain)	5,748	(5,053)
Benefits paid	(3,190)	(3,188)
<b>Benefit obligation at end of financial year</b>	<b>63,044</b>	<b>58,336</b>
(b) Change in plan assets		
Fair value of plan assets at beginning of financial year	50,811	51,055
Interest income	1,201	1,003
Actuarial gain	1,605	543
Employer contributions	1,483	1,224
Plan participants' contributions	206	207
Benefits paid from plan	(3,190)	(3,188)
Expenses paid	(38)	(33)
<b>Fair value of plan assets at end of financial year</b>	<b>52,078</b>	<b>50,811</b>

The estimated income statement disclosure for 2017 is set out below. This will be finalised at the end of 2017 to reflect actual salaries paid during the year, any augmentations granted and any significant changes in membership. The expected rate of return on assets disclosed at 31 December 2016 is a factor in determining this expense.

<b>Amount Charged to Operating Profit</b>	<b>€'000</b>
Current Service Cost	726
	<u>726</u>
<b>Amount Credited to Other Finance Income</b>	
Interest on Liabilities	1,044
Expected Return on Assets	(872)
	<u>172</u>
<b>2017 Income Statement</b>	<u>898</u>

**NOTES TO THE CONSOLIDATED FINANCIAL STATEMENTS (CONTINUED)**  
(For the financial year ended 31 December 2016)

**(21) Pension Schemes –continued:**

**(c) Disclosures - continued**

**Financial Assumptions- continued:**

<b>History of Experience Gains and Losses</b>	<b>2016</b>	<b>2015</b>	<b>2014</b>	<b>2013</b>	<b>2012</b>
	<b>€'000</b>	<b>€'000</b>	<b>€'000</b>	<b>€'000</b>	<b>€'000</b>
Actual return less expected return on scheme assets	1,605	543	4,660	828	3,998
% of scheme assets	3.08%	1.06%	9.00%	1.80%	8.60%
Experience gains and losses	(231)	(444)	459	654	(27)
% of present value of scheme liabilities	(0.37%)	(0.76%)	0.71%	1.20%	(0.0%)
Actuarial Gains and Losses recognised in consolidated statement of comprehensive income	(4,143)	5,596	(6,332)	2,853	(3,794)
% of present value of scheme liabilities	(6.57%)	9.59%	(9.80%)	5.26%	(6.61%)

	<b>2016</b>	<b>2015</b>
	<b>€</b>	<b>€</b>
<b>(22) Capital Commitments – Group and Company:</b>		
Capital expenditure which has been contracted for but has not been provided in the Financial Statements.	5,900,582	10,658,672

	<b>2016</b>	<b>2015</b>
	<b>€</b>	<b>€</b>
<b>(23) Financial Instruments</b>		

The carrying values of the company's financial assets and liabilities are summarised below:

**Financial Assets**

Measured at undiscounted amount receivable:

• Trade debtors	3,991,860	3,708,099
-----------------	-----------	-----------

**Financial Liabilities**

Measured at undiscounted amount payable:

• Trade payables	950,919	529,931
------------------	---------	---------

Measured at amortised cost

• Capital Debt	5,328,268	6,453,927
----------------	-----------	-----------

**NOTES TO THE CONSOLIDATED FINANCIAL STATEMENTS (CONTINUED)**  
**(For the financial year ended 31 December 2016)**

**(24) Related Party Transactions:**

In common with many other entities, Port of Cork Company deals in the normal course of business with Government entities, Local Authorities: Cork City Council and Cork County Council, and other state owned companies on an arm's length basis.

**(25) Subsequent Events:**

There are no events subsequent to the financial year which are required to be disclosed.

# ***CUIDEACHTA PHORT CHORCAÍ***

## **STIÚRTHÓIRÍ AGUS FAISNÉIS EILE**

### **Bord na Stiúirthóirí:**

John Mullins (*Cathaoirleach*)  
Brendan Keating (*Príomhfheidhmeannach*)  
Helen Boyle  
Noel Cregan  
David Doolan  
Dominic McEvoy

### **Dlíodóirí:**

Coakley Moloney,  
49, An Meal Theas,  
Corcaigh.

Philip Lee,  
7/8 Ardán Wilton,  
Baile Átha Cliath 2.

### **Foireann Bhainistíochta:**

Brendan Keating (*Príomhfheidhmeannach*)  
Donal Crowley (*Rúnaí na Cuideachta agus  
Bainisteoir Airgeadais*)  
An Capt. Michael McCarthy (*Bainisteoir  
Tráchtála*)  
An Capt. Paul O'Regan (*Máistir an Chuain  
agus Ceannfort na bPíolótaí*)  
Henry Kingston (*Bainisteoir Gníomhach sa  
tSeirbhís Innealtóireachta*)

### **Baincírí:**

Bainc Aontas na hÉireann cpt.,  
66, An Meal Theas,  
Corcaigh.

Banc KBC, Éire, cpt.,  
4 Cé an Lapaigh,  
Corcaigh.

### **Oifig Chláraithe agus Seoladh Gnó:**

Cuideachta Phort Chorcaí,  
Oifig an Chuain,  
Sráid Theach an Chustaim,  
Corcaigh.

### **Iniúcháir:**

Deloitte,  
Cuntasóirí Cairte agus Comhlacht Iniúchta Reachtúil,  
6, Cé an Lapaigh,  
Corcaigh.

### **Achtúirí:**

Mercer Teoranta,  
23/25, An tArdán Theas,  
Corcaigh.

# CUIDEACHTA PHORT CHORCAÍ

## TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ

Chuir na stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil i láthair chomh maith le ráitis airgeadais iniúchta chomhdhlúite an ghrúpa don bhliain airgeadais dar deireadh 31 Nollaig 2016. Tá an chuideachta agus a cuid fochuideachtaí liostáilte i nóta 13.

### **Príomhghníomhaíochtaí**

Tá an chuideachta tiomanta do sholáthar, ar bhonn iontaofa tráchtála, áiseanna, seirbhísí, cóiríocht agus tailte Poirt ata sábháilte, éifeachtúil agus éifeachtach ó thaobh costais de ina cuan, agus a dhéanann freastal ar riachtanais a cuid custaiméirí.

Le linn na bliana airgeadais dar deireadh 31 Nollaig 2016, cláraíodh an chuideachta mar Chuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe (CGA).

### **Torthaí agus Díbhinní**

€

Brabús ar Ghnáthghníomhaíochtaí roimh Chánachas Cánachas	4,076,747 (797,227)
Brabús don Bhliain Airgeadais	<u>3,379,520</u>

Íocadh díbhinn ar luach €672,904 (2015: €650,460) don bhliain airgeadais.

### **Athbheithniú ar an nGnó**

Leagtar amach sonraí an bhrabúis don bhliain airgeadais, in éineacht le figiúirí comparáideacha do 2015 sa Ráiteas Ioncaim Chomhdhlúite ar leathanach 10 agus na nótaí gaolmhara.

Ba é méid an tréchur ná 9.5 milliún tona i 2016 (2015: 11.02 milliún tona).

Ba é luach an ioncaim iomlán do 2016 ná €29.6 milliún, laghdú 1% le hais 2015 (€29.8 milliún). Chuaigh an brabús oibriúcháin i laghad faoi 15% go €4.71 milliún ó €5.53 milliún i 2015. B'ann do Bhrabús ar Ghnáthghníomhaíochtaí roimh Chánachas ar luach €4.08 milliún i 2016 i gcomparáid le €5.25 milliún i 2015, sin laghdú 22%.

### **Athfhorbairt an Phoirt ag Rinn an Scidígh**

Deonadh cead pleanála ar an gCuideachta d'athfhorbairtí infrastruchtúir chriticiúil ag Rinn an Scidígh a meastar costas de €100 milliún a bheith ag baint leo ag An mBord Pleanála ar 29 Bealtaine 2015.

Táthar ag súil leis go mbeidh Céim 1 d'Athfhorbairt Phoirt Rinn an Scidígh i bhfeidhm i 2020. Éascóidh an tionscadal iomlán, ar bhonn céimnithe, Port Chorcaí agus é ag aistriú gníomhaíochtaí láimhseála lastais ó Tivoli agus ó Chéanna na Cathrach i gceann aimsire.

### **Scéimeanna Pinsin Chuideachta Phort Chorcaí – Luacháil Achtúireach**

Feidhmíonn Cuideachta Phort Chorcaí scéimeanna pinsin sochair shainmhínithe. Cuireadh i gcrích luacháil achtúireach iomlán is déanaí Scéimeanna Pinsin na Cuideachta ar 1 Eanáir 2015 ag Mercer Teoranta, Achtúirí agus Sainchomhairleoirí, ag úsáid luacháil chaighdeánach íosmhaoinithe na ndliteanas. Ag dáta na luachála achtúirí ba é luach margaidh shócmhainní scéimeanna Aoisliúntais Chuideachta Phort Chorcaí ná €45.76 milliún, agus léirigh an luacháil achtúireach gurbh é luach achtúireach na sócmhainní sin ná 81% de na sochair a fabhraíodh ag baill.

*Ar lean. ar an gcéad leathanach eile!*



# CUIDEACHTA PHORT CHORCAÍ

*/Ar lean. ón leathanach roimhe seo*

## TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ

### **Sochair Dul ar Scor**

Tá easnamh Ciste Pinsin ag an gcuideachta de €9.60 milliún ag 31 Nollaig 2016, faoi mar a éilítear ag FRS102, i gcomparáid le heasnamh ar luach €6.58 milliún ag 31 Nollaig 2015. Tar éis tuairim dhlíthiúil a fháil, measann an chuideachta é a bheith stuama soláthar a dhéanamh do Scéimeanna Pinsin Údaráis Phíolótaíochta Phort Chorcaí. Dá bharr sin, tá an dliteanas a eascraíonn mínithe ag 31 Nollaig, 2016. Mínítear iarmhairt FRS 102 maidir le pinsin ar bhealach mionsonraithe i nóta 21 na ráiteas airgeadais.

### **Forbairtí sa Toghchán**

Is é cuspóir láithreach na cuideachta ná leanúint air de bheith ag feidhmiú mar chuideachta thráchtála faoi úinéireacht an Stáit. Tá seo á chur i gcrích trí chur i bhfeidhm na struchtúr agus na ngnáthamh ceart, sa tslí go soláthrófar bonn daingean a dhéanfaidh na rudaí seo a leanas:

- cinnteoidh sé go leanfar ar aghaidh leis na hardchaighdeáin sábháilteachta agus rialála a sholáthraítear do longa a bhíonn ag feidhmiú i gCuan Chorcaí,
- cinnteoidh sé go gcuirtear gach beart cuí i gcrích do bhainistiú, do rialú, d'fheidhmiú agus d'fhorbairt a cuain agus na gcainéal isteach chuige,
- spreagfaidh sé infheistíocht ina cuan,
- ceadóidh sé forbairt ghníomhaíochtaí brabúsacha, coimhdeacha, tráchtála a bhaineann leis na croíghníomhaíochtaí,
- cinnteoidh sé go mbaintear úsáid as agus go mbainistítear na hacmhainní atá ar fáil ag an gcuideachta ar bhealach atá comhsheasmhach le cuspóirí na cuideachta.

### **Príomhrioscaí agus Príomhneamhchinnteachtaí**

Le linn 2016 chuir Cuideachta Phort Chorcaí i gcrích measúnú riosca. Rinneadh beartú tosaíochta ag úsáid Scór Iomlán Riosca (SIR) a chinntítear mar thoradh ar na scóir iarmhairte agus dhóchúlachta. Bunaithe ar an anailís seo, aithníodh na príomhrioscaí atá os comhair na Cuideachta.

### **Eochairtháscairí Feidhmíochta (ETF)**

Tá an chuideachta dírithe ar thorthaí agus ullmhaíonn sí buiséad bliantúil agus plean gnó corparáideach don chéad chúig bliana airgeadais eile. Tomhaistear feidhmíocht iarbhrí le hais buiséid. Is iad na príomhETF a úsáidtear chun feidhmíocht a thomhas ná ioncam, costais dhíreacha, ioncam neamhoibríochtúil, forchostais roinne, brabús roimh cháin agus sreabhadh airgid.

Is ann do raon leathan ETF freisin, a úsáidtear laistigh den eagraíocht a ndéantar anailís orthu de réir roinne agus duine fhreagraigh. Lena sheal déantar monatóireacht ar na ETF seo agus tuairiscítear fúthu le cinntiú go mbaintear amach spriocanna ETF.

### **Cúrsaí Timpeallachta**

Tá Cuideachta Phort Chorcaí tiomanta do na caighdeáin is fearr i gclár bhainistithe thimpeallachta agus tá sí creidiúnaithe faoi ISO14001 agus faoi fhondúireacht ECOPORTS.

*Ar lean. ar an gcéad leathanach eile!*

# CUIDEACHTA PHORT CHORCAÍ

Ar lean. ón leathanach roimhe seo

## TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ

### Fuinneamh

Tá Cuideachta Phort Chorcaí tiomanta d'fheidhmiú de réir na gcaighdeán éifeachtachta fuinnimh is airde is féidir, agus tá sí ag déanamh dul chun cinn le deimhniúchán na gCaighdeán Bainistithe Fhuinnimh ISO 50001.

Tá comhaontú Comhpháirtíochta sínithe ag Port Chorcaí le SEAI, agus tuairiscíonn sé ar bhonn bliantúil faoi úsáid fhuinnimh agus faoi ghníomhartha chun tomhaltas fuinnimh a laghdú de réir I.R. 542 ó 2009, a chuireann iachall ar eagraíochtaí eanála poiblí feabhas a chur ar fheidhmíocht fhuinnimh faoi 33% faoi 2020.

### Scairshealbhóirí

Ag 31 Nollaig 2016, bhí an Scairchaipiteal ar fad i seilbh go tairbheach an Aire Iompair, Thurasóireachta agus Spóirt, seachas scair amháin a bhí i seilbh an Aire Airgeadais, faoi Alt 9 (2) Ionstraim Reachtúil 842 ó 2005, agus an tOrdú um Iompar, Sábháilteacht & Slándáil Mhuirí (Aistriú Riaracháin Roinne agus Feidhmeanna Aire) 2005.

### Stiúrthóirí agus Rúnaí

Tháinig deireadh le téarma oifige ceithre bliana Brian Cantwell agus Paul Mulvihill ar 6 Nollaig 2016.

Bhí na stiúrthóirí ar fad eile agus an rúnaí faoi mar atá siad liostáilte thíos i bhfeidhm ar fud na bliana airgeadais.

John Mullins (*Cathaoirleach*)  
Brendan Keating (*Príomhfheidhmeannach*)  
Helen Boyle  
Noel Cregan  
David Doolan  
Dominic McEvoy

De réir an Chóid Chleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit, seo a leanas anailís ar tháillí na Stiúrthóirí chomh maith le sonraí freastail ar Chruinnithe Boird le linn na tréimhse atá faoi athbhreithniú:

	<u>2016</u>	<u>2015</u>	<u>Cruinnithe Boird a nDearnadh</u>
	€	€	<u>Freastal orthu</u>
			<u>/ Incháilithe</u>
J.Mullins	21,600	21,600	10/10
B. Keating	12,600	12,600	10/10
H. Boyle	12,600	12,600	9/10
B. Cantwell (d'éirigh sé as ar 6.12.16)	11,710	12,600	10/10
N. Cregan	12,600	11,265	10/10
D.Doolan	12,600	12,600	9/10
D. McEvoy	12,600	12,600	9/10
P.Mulvihill (d'éirigh sé as ar 6.12.16)	<u>11,710</u>	<u>12,600</u>	10/10
	<u>108,020</u>	<u>108,465</u>	

I 2016 íocadh Costais Mhíleáiste do na Stiúrthóirí de €5,353 (2015: €3,966) agus íocadh Costais eile na Stiúrthóirí de €541 (2015: €754).

Ar lean. ar an gcéad leathanach eile/

# CUIDEACHTA PHORT CHORCAÍ

/ Ar lean. ón leathanach roimhe seo

## TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ

### Sainleasanna i Scaireanna na Stiúirthóirí agus an Rúnaí

Ní raibh aon sainleas ag na stiúirthóirí agus ag an rúnaí a bhí i réim ag 31 Nollaig 2016 i scaireanna na cuideachta.

### Rialachas Corparáideach

Comhlíonann Cuideachta Phort Chorcaí prionsabail an rialachais chorparáidigh a mhínítear sa Chód Cleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Stáit a foilsíodh ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus tá prionsabail an dea-rialachais chorparáidigh agus Treoirínte Rialtais do Chomhlachtaí Stáit curtha i bhfeidhm aici. Comhlíonann an chuideachta gach moladh a measann an chuideachta a bheith ag baint le hábhar do chuideachta faoi úinéireacht an Stáit.

### Cruinnithe Boird

Chas baill an Bhoird ar a chéile deich n-uaire le linn na bliana airgeadais.

### Imeachtaí Iarchláir Chomhardaithe

Níorbh ann d'aon imeacht shuntasach a chuaigh i bhfeidhm ar an gcuideachta ó bhí deireadh na bliana airgeadais ann a éillíonn faisnéisiú sna ráitis airgeadais.

### Coistí agus dualgais eile an Bhoird

Feidhmíonn gach Coiste de chuid an Bhoird faoi théarmaí tagartha sonracha.

Is iad baill an **Choiste Iniúchta & Riosca** faoi láthair ná N. Cregan (Cathaoirleach) agus H. Boyle. D'éirigh B. Cantwell as a phost i Mí na Nollag 2016. Thionóil an Coiste Iniúchta & Riosca 3 chruinniú le linn 2016.

Is iad baill an **Choiste Luach Saothair** ná J. Mullins, D. McEvoy agus Ionadaí ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Casanna baill an Choiste Luach Saothair ar a chéile le plé le luach saothair agus conradh an Phríomhfheidhmeannaigh laistigh de Threoirínte Rialtais.

Is iad baill an **Choiste Infheistíochta** faoi láthair ná J. Mullins agus D. Doolan. D'éirigh B. Cantwell agus P. Mulvihill as a bpost i Mí na Nollag 2016.

Tá J. Mullins, B. Keating agus N. Cregan **ina n-iontaobhaithe** ar Chiste Aoisliúntais Chuideachta Phort Chorcaí.

### Rialuithe Inmheánacha agus Iniúchadh Inmheánach

Tá freagracht iomlán ag na Stiúirthóirí as córais rialaithe inmheánaigh na cuideachta agus as athbhreithniú a dhéanamh ar a gcuid éifeachtachta. Tá na córais seo deartha chun cinntiú go gcuirtear idirbhearta i gcrích de réir údarú an lucht bhainistíochta, go gcuirtear bearta réasúnta i gcrích chun sócmhainní a chumhdach agus chun caimiléireacht a chosc, agus chun go ndéanfaí taifid airgeadais chuí a chothabháil. Tá na córais seo deartha chun riosca a bhainistiú agus is féidir leo ráthaíocht réasúnta, seachas dearbhráthaíocht a thabhairt, in aghaidh na hearráide ábhartha.

*Ar lean. ar an gcéad leathanach eile!*

# ***CUIDEACHTA PHORT CHORCAÍ***

*/ Ar lean. ón leathanach roimhe seo*

## **TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ**

I measc na bpríomhghnáthamh a cuireadh i bhfeidhm ag an mBord chun rialú éifeachtach inmheánach a sholáthar tá:

- Bunaíodh freagrachtaí bainistíochta atá sainmhínithe go soiléir ar fud na cuideachta agus urraíodh seirbhísí pearsanra cháilithe agus leithdháileadh dualgais go cuí ina measc;
- Tá próiseas foirmeálta buiséadaithe i bhfeidhm, a mbíonn de thoradh deiridh air an buiséad bliantúil a fhaomhaítear ag an gCoiste Iniúchta & Riosca agus ag an mBord;
- Tuairiscítear feidhmíocht iarbhír le hais an bhuiséid don Bhord ar bhonn míosúil;
- Tá an lucht bainistíochta ag gach leibhéal freagrach as rialú inmheánach a bhfeidhme gnó;
- Déantar gnáthaimh inmheánacha rialaithe a nuashonrú agus déantar monatóireacht orthu go leanúnach ag an gCoiste agus ag lucht bainistíochta Iniúchta & Riosca agus déantar iniúchadh orthu ag iniúcháir neamhspleách inmheánach agus
- Gnáthaimh shainmhínithe do bhreithmheas, athbhreithniú agus rialú caiteachais chaipitil.

Le linn 2016 chuir Grant Thornton, Cuntasóirí Cairte, iniúchadh neamhspleách inmheánach i gcrích, a bhain an tátal amach go raibh rialuithe inmheánacha agus córais rialaithe inmheánaigh na cuideachta ag feidhmiú go sásúil.

Aithníonn na stiúrthóirí gurb iadsan atá freagrach as cinntiú go gcomhlíonann an chuideachta a chuid dualgas ábhartha agus deimhníonn siad gur cuireadh na nithe seo a leanas i gcrích:

- (a) Dréachtú “ráitis pholasaí chomhlíonta” a leagann amach polasaithe na cuideachta (atá, de réir na stiúrthóirí, oiriúnach don chuideachta), i dtaca le comhlíonadh a cuid dualgas ábhartha ag an gcuideachta;
- (b) Cur i bhfeidhm socruithe nó struchtúr iomchuí atá, de réir na stiúrthóirí, deartha chun comhlíonadh ábhartha a chinntiú i dtaca le dualgais ábhartha na cuideachta (.i. soláthraíonn na socruithe nó na struchtúir ráthaíocht réasúnta gur chomhlíon an chuideachta gach gné); agus
- (c) Cur i gcrích athbhreithnithe, le linn na bliana airgeadais, aon socruithe nó struchtúr a cuireadh i bhfeidhm.

### **Gnóthas Leantach**

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh, ós rud é go bhfuil dóthain acmhainní ag Cuideachta Phort Chorcaí le go leanfadh sí uirthi mar ghnólacht go ceann i bhfad.

### **Cuspóirí agus Polasaithe Bainistithe Riosca Airgeadais**

Mar gheall ar a cuid gníomhaíochtaí tá an chuideachta neamhchosanta ar roinnt rioscaí airgeadais, lena n-áirítear riosca creidmheas, riosca sreabhaidh airgid agus riosca leachtachta. Rialaítear úsáid na n-ionstraimí airgeadais ag polasaithe na cuideachta, agus iad faofa ag bord na stiúrthóirí, a sholáthraíonn prionsabail scríofa faoi úsáid na n-ionstraimí airgeadais chun na rioscaí seo a bhainistiú.

*Ar lean. ar an gcéad leathanach eile/*

# ***CUIDEACHTA PHORT CHORCAÍ***

*/ Ar lean. ón leathanach roimhe seo*

## **TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ**

### **Riosca Sreabhaidh Airgid**

Mar gheall ar a cuid gníomhaíochtaí tá an chuideachta neamhchosanta go príomha ar na rioscaí airgeadais a bhaineann le hathruithe i rátaí malairte airgeadraí iasachta agus rátaí úis.

Coimeádtar socmhainní agus dliteanais úsmhara ag ráta seasta chun cinnteacht sreabhaidh airgid a chinntiú.

### **Riosca Creidmheasa**

Is iad príomhshócmhainní airgeadais na cuideachta ná iarmhéideanna bainc agus airgead tirim, sócmhainní trádála agus infháltais eile, agus infheistíochtaí.

Tá riosca creidmheasa na cuideachta inchurtha go príomha i leith a cuid infháltas trádála. Tá na suimeanna a chuirtear i láthair sa chlár comhardaithe glan ar liúntais d'infháltais amhrasacha. Cuirtear san áireamh lagú nuair a tharlaíonn imeacht aitheanta chaillteanais ar fianaise í, bunaithe ar thaithí roimhe seo, do laghdú in in-aisghabhálacht na sreabhadh airgid.

Tá an riosca creidmheasa ar chistí leachtacha teoranta ós rud é gur bainc iad na contrapháirtithe le rátáil chreidmheasa ard a sannadh ag gníomhaireachtaí idirnáisiúnta rátála creidmheasa.

Ní hann d'aon chomhchruinniú suntasach riosca chreidmheasa, agus aon neamhchosaint leata amach thar líon mór contrapháirtithe agus custaiméirí.

### **Riosca Leachtachta**

Chun leachtacht a chothabháil chun cinntiú go mbíonn dóthain cistí ar fáil le haghaidh oibriúchán leanúnach agus forbairtí sa todhchaí, baineann an chuideachta leas as meascán maoinithe fhiach fhadtéarmaigh agus ghearrthéarmaigh.

### **Síntiúis Pholaitíochta**

Ní dhearna an chuideachta aon síntiúis pholaitíochta le linn na bliana airgeadais.

### **An tAcht um Phrasíocaíocht Chuntas, 1997**

Is é polasaí na cuideachta gach creidiúnaí a íoc de réir théarmaí an Achta um Phrasíocaíocht Chuntas, 1997. Soláthraíonn sin ráthaíocht réasúnta go gcomhlíontar téarmaí an Achta ag gach am. Chomhlíon an chuideachta téarmaí an Achta le linn 2016 agus ní raibh aon ghá ann le híocaíochtaí úis.

### **Leas na bhFostaithe**

Is é polasaí na cuideachta sláinte agus leas na bhfostaithe a chinntiú trí chothabháil ionaid shábháilte agus chórais shábháilte oibre. Tá an polasaí seo bunaithe ar riachtanais na reachtaíochta fostaíochta agus sláinte agus sábháilteachta chomh maith le dianchaighdeáin sláinte agus sábháilteachta. Tá an chuideachta creidiúnaithe faoi OHSAS18001.

*Ar lean. ar an gcéad leathanach eile!*

## **TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ**

### **Taifid Chuntasaíochta**

Is iad na bearta atá curtha i gcrích ag na stiúrthóirí chun comhlíonadh riachtanas Ailt 281 go 285 Acht na gCuideachtaí a chinntiú i dtaca le coimeád taifead cuntasaíochta, ná fostú pearsanra cuntasaíochta atá cáilithe go cuí, agus cothabháil chóras ríomhairithe cuntasaíochta. Coinnítear taifid chuntasaíochta na cuideachta ag oifig chláraithe na cuideachta ag Cuideacht Phort Chorcaí, Oifig an Chuain, Sráid Theach an Chustaim, Corcaigh.

### **Iniúchóir**

Leanann an t-iniúchóir, Deloitte, Cuntasóirí Cairte agus Comhlacht Iniúchta Reachtúil, i réim de réir Ailt 383(2) d'Acht na gCuideachtaí 2014.

A fhad is atá ar eolas ag gach duine de na stiúrthóirí a bhí i réim ag dáta faofa na ráiteas airgeadais:

- Ní hann d'aon fhaisnéis ábhartha iniúchta nach bhfuil iniúchóirí na cuideachta ar an eolas fúithi; agus:
- Tá gach beart curtha i gcrích ag na stiúrthóirí ar chóir dóibh cur i gcrích mar stiúrthóirí chun iad féin a chur ar an eolas faoi aon fhaisnéis ábhartha iniúchta, agus chun a chinntiú go bhfuil iniúchóirí na cuideachta ar an eolas faoin bhfaisnéis sin.

Tugtar an deimhniú seo, agus ba chóir é a thuiscint, de réir fhorálacha Ailt 330 d'Acht na gCuideachtaí, 2014

Faomhadh na ráitis airgeadais ag Bord na Stiúrthóirí ar 3 Aibreán 2017 agus iad sínithe ar a shon ag:

J. Mullins, Cathaoirleach / Stiúrthóir

B. Keating, Príomhfheidhmeannach / Stiúrthóir

## **RÁITEAS FREAGRACHTAÍ NA STIÚRTHÓIRÍ**

Tá na stiúrthóirí freagrach as ullmhú tuarascáil na stiúrthóirí faoi na ráitis airgeadais de réir Acht na gCuideachtaí 2014.

Éilíonn dlí cuideachta na hÉireann go n-ullmhóidh na stiúrthóirí ráitis airgeadais do gach bliain airgeadais. Faoin dlí seo, shocraigh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a ullmhú de réir FRS 102, an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais atá infheidhmithe sa RA agus i bPoblacht na hÉireann (“creatlach ábhartha thuairiscithe airgeadais”). Faoi dhlí na gcuideachtaí, tá iachall ar na stiúrthóirí gan na ráitis airgeadais a fhaomhadh mura bhfuil siad sásta go dtugann siad léargas atá fíor agus cothrom ar shócmhainní, ar dliteanais agus ar shuíomh airgeadais na cuideachta ag dáta deiridh na bliana airgeadais, agus ar bhrabús nó ar chaillteanas na cuideachta don bhliain airgeadais, agus go gcomhlíonann siad ar bhealaí eile Acht na gCuideachtaí 2014.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, bíonn iachall ar na stiúrthóirí:

- Polasaithe oiriúnacha cuntasáíochta a roghnú don Mháthairchuideachta agus do Ráitis Airgeadais an Ghrúpa agus ansin iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- Dearbhú ar ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasáíochta infheidhmithe, na caighdeáin sin a aithint, agus an éifeacht agus na cúiseanna a thabhairt faoi deara a bhaineann le haon imeacht ábhartha ó na caighdeáin sin; agus
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, ach amháin murar cuí glacadh leis go leanfaidh an chuideachta uirthi de bheith ag feidhmiú mar ghnólacht.

Tá na stiúrthóirí freagrach as cinntiú go gcoimeádann an chuideachta taifid imleora chuntasáíochta, nó go spreagann sí a gcoimeád, taifid a mhíniú agus a thaifeadann i gceart idirbhearta na cuideachta, a cheadaíonn ag aon am go gcinnteofaí sócmhainní, dliteanais, suíomh airgeadais agus brabús nó cailteanas na cuideachta le cruinneas réasúnta, agus cur ar a gcumas cinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais agus tuarascáil na stiúrthóirí Acht na gCuideachtaí 2014, agus go gceadaíonn siad iniúchadh na ráiteas airgeadais. Tá siad freagrach freisin as cumhdach shócmhainní na cuideachta agus, mar sin de, as bearta réasúnta a chur i gcrích do chosc agus d’aimsiú caimiléireachta agus mírialtachtaí eile.

Is féidir go mbeidh reachtaíocht na hÉireann a rialaíonn ullmhúchán agus scaipeadh ráiteas airgeadais éagsúil ó reachtaíocht i ndlínsí eile.

Tá na stiúrthóirí freagrach as cothabháil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá le fáil ar shuíomh gréasáin na Cuideachta.

Ar son an Bhoird:

J. Mullins, Cathaoirleach / Stiúrthóir

B. Keating, Príomhfheidhmeannach / Stiúrthóir

## **TUARASCÁIL NA nINIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA DO BHAILL CHUIDEACHTA PHORT CHORCAÍ**

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais Chuideachta Phort Chorcaí don bhliain airgeadais dar deireadh 31 Nollaig 2016, ráitis a chuimsíonn Ráitis Airgeadais an Ghrúpa: an Ráiteas Comhdhlúite Ioncaim, an Ráiteas Comhdhlúite Ioncaim Chuimsithigh, an Ráiteas Comhdhlúite ar Staid an Airgeadais, an Ráiteas Comhdhlúite Sreabhadh Airgid, an Ráiteas Comhdhlúite Athruithe Cothromais, Ráitis Airgeadais na Máthairchuideachta: Ráiteas Cuideachta ar Staid an Airgeadais, agus na nótaí gaolmhara 1 go 25. Is í an chreatlach ábhartha thuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm in ullmhú ráiteas airgeadais grúpa agus na máthairchuideachta ná Acht na gCuideachtaí 2014 agus FRS 102, an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais atá infheidhmithe sa RA agus i bPoblacht na hÉireann (“creatlach ábhartha thuairiscithe airgeadais”).

Déantar an tuairisc seo do bhaill na cuideachta amháin, mar chomhlacht, de réir Ailt 391 d’Acht na gCuideachtaí 2014. Tugadh faoinár gcuid oibre iniúchta sa tslí gur féidir linn dearbhú do bhaill na cuideachta na nithe sin a bhfuil iachall orainn iad a dhearbhu i dtuarascáil iniúchára agus do chuspóir ar bith eile. Sa mhéid atá incheadaithe ag an dlí, ní ghlacaimid le freagracht d’aon duine eile seachas an cuideachta agus baill na cuideachta mar chomhlacht, le haghaidh ár gcuid oibre iniúchta, don tuarascáil seo, nó do na tuairimí sin atá bainte amach againn.

### **Freagrachtaí faoi seach na stiúrthóirí agus na n-iniúcháirí**

Faoi mar a mhínítear ar bhealach níos iomláine i Ráiteas Freagrachtaí na Stiúrthóirí, tá na stiúrthóirí freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais agus as bheith sásta go dtugann siad léargas fíor agus cothrom, agus go gcomhlíonann siad ar shlite eile Acht na gCuideachtaí 2014. Is í an fhreagracht atá orainn iniúchadh a dhéanamh agus tuairim a chur in iúl faoi na ráitis airgeadais de réir Acht na gCuideachtaí 2014 agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchadh (RA agus Éire). Cuireann na caighdeáin sin iachall orainn cloí leis na Caighdeáin Eiticíúla d’Iniúcháirí atá ag an mBord um Chleachtais Iniúcháireachta.

### **Scóp iniúchadh na ráiteas airgeadais**

Tá i gceist le hiniúchadh fáil fianaise faoi na suimeanna agus na faisnéisithe sna ráitis airgeadais atá imleor chun ráthaíocht réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíshonrú ábhartha, bíodh caimiléireacht nó earráid i gceist leis sin. Tá mar chuid de sin measúnú: an bhfuil na polasaithe cuntasaíochta oiriúnach do thosca an ghrúpa agus na cuideachta, agus ar cuireadh iad i bhfeidhm go comhsheasmhach agus ar faisnéisíodh iad ar bhealach imleor; réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh ag na stiúrthóirí agus cur i láthair ginearálta na ráiteas airgeadais. Ina theannta sin, léimid an fhaisnéis airgeadais agus neamhairgeadais ar fad sa Tuarascáil Bhliantúil chun neamhréireachtaí ábhartha a aithint leis na ráitis iniúchta airgeadais, agus chun aon fhaisnéis a aithint a bhfuil an chuma ar an scéal go bhfuil sí mícheart go hábhartha bunaithe ar, nó neamhréireach go hábhartha leis an eolas a fuarthas againn le linn dúinn an t-iniúchadh a chur i gcrích. Má chuirtear aon mhíshonrú nó neamhréireacht dhealramhach in iúl dúinn déanaimid breithniú faoi na himpleachtaí d’ár dtuarascáil.

*Ar lean. ar an gcéad leathanach eile/*



**TUARASCÁIL NA nINIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA DO BHAILL CHUIDEACHTA  
PHORT CHORCAÍ**

**Tuairim faoi na ráitis airgeadais**

Is é an tuairim atá againn ná:

- Go dtugann ráitis airgeadais an ghrúpa agus na máthairchuideachta léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an ghrúpa agus na máthairchuideachta ag 31 Nollaig 2016, agus ar bhrabús an ghrúpa don bhliain dar deireadh, agus
- Gur ullmhaíodh ráitis airgeadais an ghrúpa agus na máthairchuideachta i gceart de réir na creatlaí ábhartha tuairiscithe airgeadais agus, go háirithe, de réir riachtanais Acht na gCuideachtaí 2014.

**Nithe a bhfuil iachall orainn tuairisc a thabhairt fúthu de réir Acht na gCuideachtaí 2014**

- Tá an t-eolas agus na míniúcháin ar fad faighte againn a measaimid iad a bheith riachtanach do chuspóirí ár n-iniúchta.
- Is é an tuairim atá againn go raibh taifid chuntasaíochta na máthairchuideachta imleor chun ceadú go ndéanfaí iniúchadh réidh agus cuí ar na ráitis airgeadais.
- Tá an ráiteas faoi Staid Airgeadais na máthairchuideachta ag réiteach leis na taifid chuntasaíochta.
- Is é an tuairim atá againn go bhfuil an fhaisnéis a tugadh i dtuarascáil na stiúrthóirí comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais.

**Nithe a bhfuil iachall orainn tuairisc a thabhairt fúthu go heisceachtúil**

Níl aon ní le tuairisciú againn i dtaca le forálacha Acht na gCuideachtaí 2014 a chuireann iachall orainn tuairisc a thabhairt duit más rud é, dar linn, nach ndéantar na faisnéisithe faoi luach saothair agus faoi idirbhearta na stiúrthóirí a shonraítear ag an dlí.

Honor Moore  
Do agus ar son Deloitte  
Cuntasóirí Cairte agus Comhlacht Iniúchta Reachtúil  
Corcaigh

Dáta: 7 Aibreán 2017

**RÁITEAS COMHDHLÚITE IONCAIM**  
**don bhliain airgeadais dar deireadh 31 Nollaig 2016**

	<u>Nótaí</u>	<u>2016</u>	<u>2015</u>
		€	€
<b>Láimhdeachas – oibriúcháin leanúnacha</b>	(3)	29,562,101	29,830,606
Costas na nDíolachán	(4)	<u>(17,799,756)</u>	<u>(17,269,832)</u>
<b>Ollbhrabús</b>		11,762,345	12,560,774
Riarachán agus caiteachas ginearálta	(5)	<u>(7,052,386)</u>	<u>(7,029,690)</u>
<b>Brabús oibriúcháin – oibriúcháin leanúnacha</b>		4,709,959	5,531,084
Míreanna eisceachtúla	(6)	(426,273)	8,508
Costais airgeadais (glanchostais)	(7)	<u>(206,939)</u>	<u>(291,318)</u>
<b>Brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh Chánachas</b>	(8)	4,076,747	5,248,274
Cánachas	(10)	<u>(797,227)</u>	<u>(762,415)</u>
<b>Brabús don Bhliain Airgeadais atá inchurtha i leith scairshealbhóirí cothromais na cuideachta</b>		<u>3,279,520</u>	<u>4,485,859</u>

**RÁITEAS COMHDHLÚITE IONCAIM CHUIMSITHIGH**  
**don bhliain airgeadais dar deireadh 31 Nollaig 2016**

	<u>Nótaí</u>	<u>2016</u>	<u>2015</u>
		€	€
<b>Brabús don Bhliain Airgeadais</b>		3,279,520	4,485,859
(Caillteanas) / Gnóthachan Achtúireach Aitheanta ar Scéimeanna Pinsin	(21)	(4,143,000)	5,596,000
(Caillteanas) / Gnóthachan Achtúireach Aitheanta ar (Chailteanas) / Gnóthachan Chiste Aoisliúntais Phort Chorcaí		(182,000)	54,000
Cáin Iarchurtha a Bhaineann le (Caillteanas) / Gnóthachan Achtúireach		452,875	(754,000)
		-----	-----
<b>(Easnamh) / ioncam iomlán cuimsitheach atá inchurtha i leith scairshealbhóirí cothromais na cuideachta</b>		(592,605)	9,381,859
		=====	=====

**RÁITEAS COMHDHLÚITE FAOIN STAID AIRGEADAIS**

**ag 31 Nollaig 2016**

	<u>Nótaí</u>	<u>2016</u>	<u>2015</u>
		€	€
<b>Sócmhainní Seasta:</b>			
Sócmhainní Inláimhsithe	(11)	97,158,708	92,096,256
<b>Sócmhainní Reatha:</b>			
Stoic		411,963	352,238
Féichiúnaithe	(14)	7,124,464	6,499,322
Airgead tirim agus Cistí i dTaisce		17,455,151	19,398,276
		24,991,578	26,249,836
<b>Creidiúnaithe</b> (suimeanna atá le bheith dlite laistigh de bhliain airgeadais amháin)	(15)	(7,020,798)	(7,062,906)
Glansócmhainní Reatha		17,970,780	19,186,930
<b>Iomlán Sócmhainní Iúide Dliteanais Reatha</b>		115,129,488	111,283,186
<b>A bhfuil i gceist leis:</b>			
<b>Creidiúnaithe</b> (suimeanna a bhíonn dlite tar éis bliana airgeadais amháin)			
Fiachas Caipitil	(16)	4,191,009	5,328,435
Deontais Chaipitil	(17)	24,922,851	21,995,887
Soláthar do Dhliteanais	(18)	12,865,271	9,542,998
		41,979,131	36,867,320
<b>Caipiteal agus Cúlchistí</b>			
Scairchaipiteal glaoite curtha i láthair mar chothromas	(19)	22,518,722	22,518,722
Cúlchiste Comhshóite Chaipitil	(20)	267,320	267,320
Cúlchiste Caipitil	(20)	989	989
Cuntas Brabúis agus Caillteanais	(20)	50,363,326	51,628,835
<b>Cistí na Scairshealbhóirí</b>		73,150,357	74,415,866
		115,129,488	111,283,186

Faomhadh na ráitis airgeadais ag Bord na Stiúrthóirí ar 3 Aibreán 2017 agus síníodh iad ar a shon ag:

J. Mullins, Cathaoirleach / Stiúrthóir

B. Keating, Príomhfheidhmeannach / Stiúrthóir

**RÁITEAS NA CUIDEACHTA FAOIN STAID AIRGEADAIS****ag 31 Nollaig 2016**

	<u>Nótaí</u>	<u>2016</u>	<u>2015</u>
<b>Sócmhainní Seasta:</b>		€	€
Sócmhainní Inláimhsithe	(11)	93,132,320	88,069,868
Sócmhainní Airgeadais	(13)	3,392,985	3,392,985
		<u>96,525,305</u>	<u>91,462,853</u>
<b>Sócmhainní Reatha:</b>			
Stoic		411,963	352,238
Féichiúnaithe	(14)	7,480,613	6,943,696
Airgead agus Cistí i dTaisce		17,246,990	19,192,973
		<u>25,139,566</u>	<u>26,488,907</u>
<b>Creidiúnaithe</b> (suimeanna atá le bheith dlite laistigh de bhliain airgeadais amháin)	(15)	(6,851,783)	(7,098,065)
Glansócmhainní Reatha		<u>18,287,783</u>	<u>19,390,842</u>
<b>Iomlán Sócmhainní Iúide Dlíteanais Reatha</b>		<u>114,813,088</u>	<u>110,853,695</u>
<b>A bhfuil i gceist leis:</b>			
<b>Creidiúnaithe</b> (suimeanna atá le bheith dlite tar éis bliana airgeadais amháin)			
Fiach Caipitil	(16)	4,191,009	5,328,435
Deontais Chaipitil	(17)	24,922,851	21,995,887
Soláthar do Dhlíteanais	(18)	12,865,271	9,542,998
		<u>41,979,131</u>	<u>36,867,320</u>
<b>Caipiteal agus Cúlchistí</b>			
Scairchaipiteal glaoite curtha i láthair mar chothromas	(19)	22,518,722	22,518,722
Cúlchiste Comhshóite Chaipitil	(20)	267,320	267,320
Cuntas Brabúis agus Cailleanais	(20)	50,047,915	51,200,333
<b>Cistí na Scairshealbhóirí</b>		<u>72,833,957</u>	<u>73,986,375</u>
		<u>114,813,088</u>	<u>110,853,695</u>

Faomhadh na ráitis airgeadais ag Bord na Stiúrthóirí ar 3 Aibreán 2017 agus síníodh iad ar a shon ag:

J. Mullins, Cathaoirleach / Stiúrthóir

B. Keating, Príomhfheidhmeannach / Stiúrthóir

**RÁITEAS COMHDHLÚITE AN tSREABHAIDH AIRGID**  
**don bhliain airgeadais dar deireadh 31 Nollaig 2016**

	<u>Nótaí</u>	<u>2016</u>	<u>2015</u>
		€	€
Brabús Oibriúcháin		4,709,959	5,531,084
Dímheas lúide Deontais a Fuasclaíodh		3,783,317	3,760,374
(Méadú)/Laghdú na Stoc		(59,725)	(58,273)
(Méadú)/Laghdú Féichiúnaithe		(506,068)	198,497
(Laghú)/Méadú Creidiúnaithe		(353,710)	943,355
Cánachas a Íocadh		(1,303,784)	(147,505)
		<hr/>	<hr/>
Glaninsreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		6,269,989	10,227,532
		<hr/>	<hr/>
<b><u>Gníomhaíochtaí Infheistíochta</u></b>			
Ús agus Ioncam den chineál céanna a Fuarthas		19,802	52,628
Deontas a Fuarthas		4,020,941	2,587,420
Ceannach Sócmhainní Seasta		(10,410,019)	(6,139,230)
Cur de Láimh Sócmhainní Seasta		44,000	49,327
		<hr/>	<hr/>
Glanas-sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta		(6,325,276)	(3,449,855)
		<hr/>	<hr/>
<b><u>Maoiniú</u></b>			
Díbhinn Íoctha		(672,904)	(650,460)
Aisíocaíocht Iasachtaí		(1,149,193)	(1,148,910)
Ús Íoctha		(65,741)	(86,946)
		<hr/>	<hr/>
Glanas-sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe		(1,887,838)	(1,886,316)
		<hr/>	<hr/>
<b><u>(Laghú)/ Méadú in Airgead Tirim</u></b>		(1,943,125)	4,891,361
		<hr/>	<hr/>
Iarmhéid Airgid Tosaigh		19,398,276	14,506,915
		<hr/>	<hr/>
Iarmhéid Airgid Deiridh		17,455,151	19,398,276
		<hr/>	<hr/>

**RÁITEAS COMHDHLÚITE FAOI ATHRUITHE COTHROMAIS**

*(Don bhliain airgeadais dar deireadh 31 Nollaig 2016)*

	<b>2016</b>	<b>2016</b>	<b>2015</b>	<b>2015</b>
	<b>Grúpa</b>	<b>Cuideachta</b>	<b>Grúpa</b>	<b>Cuideachta</b>
	€	€	€	€
Brabús don Bhliain Airgeadais	3,279,520	3,392,611	4,485,859	4,805,806
(Cailteanas)/Gnóthachan Achtúireach Aitheanta ar Scéimeanna Pinsin	(4,143,000)	(4,143,000)	5,596,000	5,596,000
(Cailteanas) / Gnóthachan Achtúireach Aitheanta ar Dhliteanas Chiste Aoisliúntais Phort Chorcaí	(182,000)	(182,000)	54,000	54,000
Díbhinn Íoctha	(672,904)	(672,904)	(650,460)	(650,460)
Cáin Iarchurtha a bhaineann le (Cailteanas)/Gnóthachan Achtúireach	452,875	452,875	(754,000)	(754,000)
(Laghdú)/méadú i gCistí na Scairshealbhóirí	(1,265,509)	(1,152,418)	8,731,399	9,051,346
Cistí Tosaigh na Scairshealbhóirí	74,415,866	73,986,375	65,684,467	64,935,029
<b>Cistí Deiridh na Scairshealbhóirí</b>	<b>73,150,357</b>	<b>72,833,957</b>	<b>74,415,866</b>	<b>73,986,375</b>

**NÓTAÍ DO NA RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS**  
**(Don bhliain airgeadais dar deireadh 31 Nollaig 2016)**

**Nóta**

**(1) Ráiteas na bPolasaithe Cuntasaíochta**

Seo a leanas na polasaithe suntasacha cuntasaíochta ar glacadh leo ag an gcuideachta:

**Eolas Ginearálta agus Bonn Cuntasaíochta**

Is cuideachta í Cuideachta Phort Chorcaí atá ionchorpraithe in Éirinn faoi Acht na gCuideachtaí 2014. Tugtar seoladh na hoifige cláraithe ar leathanach 1. Leagtar amach nádúr oibriúcháin na cuideachta agus a cuid príomhghníomhaíochtaí ar leathanaigh 2 go 6 de thuarascáil na stiúrthóirí.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil agus de réir Acht na gCuideachtaí 2014 agus de réir an Chaighdeán um Thuairisciú Airgeadais 102 (FRS 102), a eisíodh ag a gComhairle um Thuairisciú Airgeadais.

Meastar gurb é airgeadra feidhmiúil Chuideachta Phort Chorcaí ná an euro, ós rud é gurb é sin airgeadra na príomhthimpeallachta eacnamaíche ina bhfeidhmíonn an chuideachta.

Is ráitis chomhdhlúite airgeadais iad na ráitis airgeadais seo.

**Bonn Comhdhlúthaithe:**

Comhdhlúthaíonn na ráitis airgeadais seo ráitis airgeadais na cuideachta chomh maith lena cuid fochuideachtaí don bhliain airgeadais dar deireadh 31 Nollaig.

**Láimhdeachas:**

Cuimsíonn sé seo ioncam ó tháillí a ghearrtar ar úsáideoirí an phoirt agus ó réadmhaoín a chuirtear amach ar cíos. Aithnítear táillí d'úsáideoirí poirt mar ioncam nuair a chuirtear soláthar na seirbhísí i gcrích. Aithnítear ioncam cíos sa tréimhse dá mbaineann sé.

**Sócmhainní Seasta agus Dímheas:**

Rinneadh athluacháil ar Shócmhainní Seasta Choimisinéirí Chuain Chorcaí ar 2 Márta 1997, tar éis dul i gcomhairle le hAire na Mara agus Acmhainní Nádúrtha. Aistríodh na sócmhainní athluacháilte chuig Cuideachta Phort Chorcaí ar an lá dísithe, 3 Márta 1997, faoi Acht na gCuan 1996, mar chomaoín ar scaireanna a eisíodh d'Aire na Mara agus Acmhainní Nádúrtha agus don Aire Airgeadais. Cuireadh luacháil na sócmhainní i gcrích ag saineolaithe neamhspleácha luachála, déantúsóirí saininnealra agus ag foireann ghairmiúil na cuideachta féin.

Cuimsíonn costas na sócmhainní seasta oibríochtúil praghas ceannaigh talaimh, foirgneamh, forbairtí láithreáin agus bóithre, céanna, dreidireacht chaipitil, pontúin, craenacha, castainní, crocháin, báid shnáimha, mótarfheithiclí agus innealra agus trealamh eile. Áirítear mar chuid den Chostas Stairiúil caiteachas tógála agus suiteála mar ar tabhaíodh sin. Is é polasaí Chuideachta Phort Chorcaí cuid de na forchostais ábhartha a leithdháileadh do chostas na n-oibreacha caipitil.

Is é polasaí na cuideachta gan tionscadail a dhímheas mar a bhfuil tógáil ar siúl; níltear ag dímheas tionscadal ach amháin tar éis dóibh bheith críochnaithe.



**NÓTAÍ DO NA RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS (AR LEAN.)**  
***(Don bhliain airgeadais dar deireadh 31 Nollaig 2016)***

**(1) Ráiteas na bPolasaithe Cuntasaíochta (ar lean.)**

**Sócmhainní Seasta agus Dímheas – Ar lean.**

Ní dhéantar aon soláthar do dhímheas talaimh. Tá sócmhainní seasta oibríochtúla eile á ndímheas ag modh na líne dírí, de réir a saolré ionchais éifeachtach, mar seo a leanas:

	<b><u>Blianta</u></b>
Foirgnimh, Céanna	20-50
Forbairt Láithreáin, Bóithre, srl.	10-20
Dreidireacht Chaipitil	25
Pontúin	20
Craenacha, Castainní, Crocháin	10-20
Báid ar Snámh - Soithí	15-25
Mótarfheithiclí	4
Caiteachas TF	3-10
Innealra agus Trealamh eile	5-20

**Sócmhainní Oidhreachta:**

Tá bailiúchán pictiúr ag an gcuideachta, a bhfuil mar chuid de freisin sceitsí agus grianghraif, bailiúchán a thuairiscítear sa ráiteas faoin staid airgeadais ag costas. Meastar saolré neamhchinntithe a bheith ag na pictiúir chomh maith le hardluach cónaithe; ní mheasann an chuideachta, mar sin de, go bhfuil sé cuí dímheas a ghearradh.

**Deontais agus Ranníocaíochtaí i leith Costas Sócmhainní Seasta Inláimhsithe:**

Taispeántar Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Comhtháthaithe na hEorpa, TEN-T, SCE (Saoráid um Chónascadh na hEorpa) agus deontais agus ranníocaíochtaí eile i leith costas sócmhainne seasta inláimhsithe ar leithligh ar an gClár Comhardaithe mar chreidmheasanna iarchurtha, ag feitheamh ar aistriú chuig an Ráiteas Ioncaim ar an mbonn céanna is a dhímheastar na sócmhainní ábhartha.

**Airgeadra Iasachta:**

Aistrítear idirbhearta a eascraíonn in airgeadraí iasachta go Euro ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ag dáta an idirbhirt. Níorbh ann d'aon sócmhainní ná dliteanais airgeadaíochta a bhí ainmnithe in airgeadraí iasachta ag deireadh na bliana. Mínítear gach gnóthachan nó cailteanas malairte sa ráiteas ioncaim sa tréimhse sin ina n-eascraíonn siad.

**Stoic:**

Déantar stórais agus ábhair a luacháil ag costas agus gearrtar muirear orthu ag an bpraghas sin. Déantar míreanna atá sa stoc a dhíscríobh nuair a choimeádtar iad ar feadh breis is 3 bliana.

**Infheistíochtaí:**

Dearbhaítear infheistíochtaí i bhfochuideachtaí agus i gcuideachtaí comhlacha ag costas lúide soláthar do bhearnú.

**NÓTAÍ DO NA RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS (AR LEAN.)**  
***(Don bhliain airgeadais dar deireadh 31 Nollaig 2016)***

**(1) Ráiteas na bPolasaithe Cuntasaíochta**

**Léasanna:**

Mar a maoinítear sócmhainní inláimhsithe trí chomhaontuithe léasaithe a thugann cearta atá cóngarach don úinéireacht (“Léasanna Airgeadais”) pléitear leo faoi mar a cheannófaí ar fad iad ag luach reatha na n-íosíocaíochtaí léasa agus taispeántar na dlíteanais chomhfhreagracha léasaithe sa ráiteas faoin staid airgeadais mar dhualgais léasa airgeadais.

Áirítear dímheas ar shócmhainní léasaithe ar bhonn an mhéid chothroim thar shaolré mheasta ionchais na sócmhainní aonair. Gearrtar ús a eascraíonn ar léasanna airgeadais don ráiteas ioncain de réir na méideanna atá gan íoc faoi na léasanna.

Caitear na híocaíochtaí faoi léasanna oibriúcháin de réir mar a fhabhraítear iad thar thréimhse na léasanna.

**Bearnú na Sócmhainní**

Déantar measúnú ar shócmhainní le haghaidh táscairí bearnaithe ag dáta gach cláir chomhardaithe. Más ann d’fhianais oibiachtúil bhearnaithe, aithnítear cailteanas bearnaithe i mbrabús nó i gcaillteanas faoi mar a gcuirtear síos orthu thíos.

**(a) Sócmhainní neamhairgeadais**

Déantar sócmhainn a bhearnú mar a bhfuil fianaise oibiachtúil ann, de dheasca imeachta amháin, nó níos mó, a tharla tar éis an aitheantais tosaigh, gur lagdaíodh luach measta in-aisghabhála na sócmhainne go dtí níos lú ná an tsuim ghlanluacha. Is é atá i gceist le suim in-aisghabhála sócmhainne ná suim níos airde a luacha chothroim lúide costais le díol agus a luach in úsáid.

Sa chás gurb ann do tháscairí do laghdú sa chailteanas bearnaithe, déantar an cailteanas bearnaithe roimh ré a thástáil chun aisiompú a chinneadh. Déantar cailteanas bearnaithe a aisiompú ar shócmhainn aonair bhearnaithe sa mhéid nach n-eascraíonn as an luach athbhreithnithe in-aisghabhála suim ghlanluacha athbhreithnithe atá níos airde ná an tsuim ghlanluacha mura n-aithneofaí bearnú ar bith.

**(b) Sócmhainní airgeadais**

Más rud é, ag deireadh na tréimhse tuairisceoireachta, gurb ann d’fhianaise oibiachtúil do bhearnú, aithníonn an chuideachta cailteanas bearnaithe sa chatagóir brabús nó cailteanas lom láithreach.

Sa chás gurb ann do tháscairí do laghdú sa chailteanas bearnaithe, agus gur féidir an laghdú a cheangal go hoibiachtúil le himeacht a tharlaíonn tar éis aitheantais an bhearnaithe, déantar an cailteanas bearnaithe roimh ré a thástáil chun aisiompú a thástáil. Déantar cailteanas bearnaithe a aisiompú ar shócmhainn airgeadais aonair bhearnaithe sa mhéid nach n-eascraíonn as an luach athbhreithnithe in-aisghabhála suim athbhreithnithe ghlanluacha atá níos airde ná an tsuim ghlanluacha sa chás nach n-aithneofaí aon bhearnú.

**NÓTAÍ DO NA RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS (AR LEAN.)**  
**(Don bhliain airgeadais dar deireadh 31 Nollaig 2016)**

**(1) Ráiteas na bPolasaithe Cuntasaíochta (ar lean.)**

**Cánachas**

Tugtar na cánacha reatha sna suimeanna a bhfuiltear ag dréim leis go n-íocfar iad (nó go n-aisghabhfar iad) ag úsáid na rátaí agus na ndlíthe cánach a achtaíodh, nó a achtaíodh sa tsubstaint faoi dháta an ráitis faoin staid airgeadais.

Aithnítear cáin iarchurtha i dtaca le gach difríocht uainithe a tionscnaíodh ach nár aisiompaíodh ag dáta an chláir chomhardaithe, mar ar tharla idirbhearta nó imeachtaí a bhfuil de thoradh orthu dualgas níos mó cánach a íoc sa todhchaí nó ceart níos lú cánach a íoc sa todhchaí, mar ar tharla na rudaí sin ag dáta an ráitis faoin staid airgeadais. Is é atá sna difríochtaí uainithe ná difríochtaí idir bhrabúis inchánach na cuideachta agus a cuid torthaí faoi mar a dhearbhaítear sna ráitis airgeadais a eascraíonn as ionchuimsiú gnóthachan agus caillteanas i measúnuithe cánach i dtréimhsí atá éagsúil ó na tréimhsí sin ina n-aithnítear iad sna ráitis airgeadais.

Aithnítear caillteanais chánach gan faoiseamh agus sócmhainní cánach iarchurtha eile sa mhéid, bunaithe ar an bhfianaise ar fad atá ar fáil, gur féidir glacadh leis gur dóichí ná a chéile go mbeidh brabúis oiriúnacha chánach ann ónar féidir aisiompú na mbundifríochtaí uainithe a bhaint as.

Nuair a bhíonn an tsuim ar féidir í a bhaint as do shócmhainn a aithnítear i gcuallachtas gnó, nuair a bhíonn an tsuim sin níos lú (níos mó) ná an luach ag a n-aithnítear é, aithnítear dliteanas cánach iarchurtha (sócmhainn) don cháin bhreise a íocfar (a sheachnófar) i dtaca leis an difríocht sin. Ar an tslí chéanna, aithnítear sócmhainn (dliteanas) iarchurtha c(h)ánach mar gheall ar an difríocht idir an luach ag a n-aithnítear dliteanas agus an méid a mheasúnófar do cháin.

Tomhaistear cáin iarchurtha ag úsáid na rátaí cánach agus na ndlíthe cánach a achtaíodh nó a achtaíodh sa tsubstaint ag an ráiteas faoin staid airgeadais a bhfuiltear ag dréim leis go mbainfidh siad le feidhm i gcás aisiompú na difríochta uainithe.

Nuair a bhíonn míreanna a aithnítear in ioncam nó i gcothromas cuimsitheach eile inmhuirir nó asbhainteach do chuspóirí cánach, cuirtear an costas cánach reatha nó iarchurtha a eascraíonn as sin i láthair san eilimint chéanna ioncaim nó chothromais chuimsithigh mar an t-idirbheart nó imeacht eile a raibh mar thoradh air an costas nó an t-ioncam cánach.

Ní fhritháirítear sócmhainní agus dliteanais reatha cánach ach amháin nuair is ann do cheart atá in-fheidhmithe go dlíthiúil leis na suimeanna a fhritháireamh agus tá sé i gceist ag an gcuideachta cé acu socrú ar ghlanbhonn, sin nó an tsócmhainn a réadú agus an dliteanas a ghlanadh go comhuaineach.

Ní dhéantar sócmhainní agus dliteanais chánach iarchurtha a fhritháireamh ach amháin: a) má tá ceart ag an gcuideachta atá in-fhorfheidhmithe go dlíthiúil chun sócmhainní reatha cánach a fhritháireamh le hais dliteanas reatha cánach, agus b) má bhaineann na sócmhainní cánach iarchurtha agus na dliteanais cánach iarchurtha le cánacha ioncaim a ghearrtar ag an údarás céanna cánachais ar an gcuideachta, agus é i gceist ag an gcuideachta cé acu dliteanais agus sócmhainní reatha c(h)ánach a ghlanadh ar ghlanbhonn, nó na sócmhainní a réadú agus na dliteanais a ghlanadh go comhuaineach, i ngach tréimhse sa todhchaí ina bhfuiltear ag súil leis go socrófar nó go n-aisghabhfar suimeanna suntasacha dliteanas nó sócmhainní cánach iarchurtha.

***NÓTAÍ DO NA RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS (AR LEAN.)***  
***(Don bhliain airgeadais dar deireadh 31 Nollaig 2016)***

**(1) Ráiteas na bPolasaithe Cuntasafóichta (ar lean.)**

**Costais scoir:**

Do scéimeanna le sochar sainithe is iad na suimeanna a ghearrtar don bhrabús oibriúcháin ná na costais a eascraíonn as seirbhísí fostaí a sholáthraítear le linn na tréimhse chomh maith le costas tabhairt isteach pleananna, athruithe i sochair, socrúithe agus ciorrúcháin. Cuirtear san áireamh iad mar chuid de chostais na foirne. Gearrtar an glanchostas úis ar an nglanlíteanas do shochar sainithe don bhrabús nó don chaillteanas agus cuirtear sin san áireamh laistigh de na costais airgeadais. Aithnítear atomhas, a chuimsíonn gnóthachain agus caillteanais achtúireacha chomh maith leis an sochar ar shócmhainní scéime (seachas suimeanna a chuirtear san áireamh sa ghlanús ar an nglanlíteanas don sochar sainithe), aithnítear an t-atomhas sin láithreach in ioncam cuimsitheach eile.

Maoinítear scéimeanna le sochar sainithe, agus sócmhainní na scéime á gcoimeád ar leithligh ó shócmhainní na cuideachta, i gcistí ar leith a riartar ag na hiontaobhaithe. Tomhaistear sócmhainní scéime pinsin ag a luach cothrom agus tomhaistear dliteanais ar bhonn achtúireach, ag úsáid modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa. Faightear luachálacha achtúireacha ar a laghad trí huairé in aghaidh na bliana, agus déantar iad a nuashonrú ag dáta gach cláir chomhardaithe.

Do scéimeanna le ranníocaíocht shainithe is ionann na suimeanna a ghearrtar don chuntas brabúis agus caillteanais i dtaca le costais phinsin agus sochair iarscoir eile agus na ranníocaíochtaí atá iníoctha le linn na bliana. Taispeántar difríochtaí idir ranníocaíochtaí atá iníoctha sa bhliain agus na ranníocaíochtaí a íoctar dáiríre, cé acu mar fabhrúithe nó mar réamhíocaíochtaí sa chlár comhardaithe.

Tomhaistear sochair eile a bhaineann le fostaithe fadtéarmacha ag luach reatha an rogha shochair ag an dáta tuairiscithe.

**Ionstraimí Airgeadais**

Aithnítear sócmhainní airgeadais agus dliteanais airgeadais nuair a dhéantar páirtí den chuideachta d'fhorálacha conartha na hionstraime.

Aicmítear dliteanais airgeadais agus ionstraimí cothromais de réir substaint na socrúithe conartha a rinneadh. Is é atá in ionstraim chothromais ar bith ná aon chonradh a thugann fianaise faoi leas iarmharach i sócmhainní na cuideachta tar éis a cuid dliteanas ar fad a bhaint as.

*Sócmhainní agus dliteanais airgeadais*

I dtús báire tomhaistear gach sócmhainn airgeadais agus gach dliteanas airgeadais ag praghas an idirbhirt (costais idirbhirt san áireamh), seachas na sócmhainní airgeadais sin a aicmítear mar cinn a bhfuil luach cothrom ag baint leo trí bhrabús nó trí chaillteanas, a thomhaistear i dtús báire ag luach cothrom, (ar ionann sin de ghnáth agus praghas an idirbhirt gan costais an idirbhirt a chur san áireamh), ach amháin más idirbheart maoinithe atá sa socrú. Más idirbheart maoinithe atá i socrú, tomhaistear an tsócmhainn airgeadais nó an dliteanas airgeadais ag luach reatha na n-íocaíochtaí todhchaí, agus iad lascaimithe ag ráta margaidh úis d'ionstraim fhiachais den chineál céanna.

Ní dhéantar sócmhainní agus dliteanais airgeadais a fhritháireamh sa ráiteas faoin staid airgeadais ach amháin nuair is ann do cheart atá in-fhorfheidhmíthe go dlíthiúil na suimeanna aitheanta a fhritháireamh, agus é i gceist ag an gcuideachta an dliteanas a ghlanadh ar ghlanbhonn, sin nó an tsócmhainn a réadú agus an dliteanas a ghlanadh go comhuaineach.

***NÓTAÍ DO NA RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS (AR LEAN.)***  
***(Don bhliain airgeadais dar deireadh 31 Nollaig 2016)***

**(1) Ráiteas na bPolasaithe Cuntasaíochta (ar lean.)**

**Ionstraimí Airgeadais – ar lean**

Dí-aithnítear sócmhainní airgeadais amháin a) nuair a éagann nó a ghlantar na cearta conartha ar an sreabhadh airgid ón tsócmhainn airgeadais, b) nó nuair a aistríonn an chuideachta chuig páirtí eile sa substaint rioscaí agus luach saothair ar fad úinéireacht na sócmhainne airgeadais, nó c) nuair a d'aistrigh an chuideachta rialú na sócmhainne chuig páirtí eile, in ainneoin gur choimeád sí cuid de rioscaí agus luach saothair suntasach na húinéireachta, ach ní hiad ar fad.

Dí-aithnítear dliteanais airgeadais amháin nuair a ghlantar, nuair a chuirtear ar ceal nó nuair a éagann an dualgas atá sonraithe sa chonradh.

**(2) Breithiúnais Chuntasaíochta Criticiúla agus Príomhfhoinsí Neamhchinnteachta Meastacháin**

Agus iad ag cur i bhfeidhm polasaithe cuntasaíochta na cuideachta, a gcuirtear síos orthu i nóta 1, bíonn iachall ar na stiúrthóirí breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana a dhéanamh faoi na suimeanna agus faoi na dliteanais ghlanluacha nach bhfuil follasach go réidh ó fhoinsí eile. Bíonn na meastacháin agus na boinn ghaolmhara tuisceana bunaithe ar thaithí stairiúil agus ar fhachtóirí eile a meastar iad a bheith ábhartha. Is féidir go mbeidh na torthaí iarbhire éagsúil ó na meastacháin sin. Athbhreithnítear na meastacháin agus na bunbhoinn tuisceana ar bhonn leanúnach. Aithnítear athbhreithnithe ar mheastacháin chuntasaíochta sa bhliain airgeadais óna ndéantar athbhreithniú ar an meastachán, má théann an t-athbhreithniú i bhfeidhm ar an mbliain airgeadais sin amháin, nó i mbliain airgeadais an athbhreithnithe agus i mblianta airgeadais sa todhchaí má théann an t-athbhreithniú i bhfeidhm ar bhlianta reatha airgeadais agus ar bhlianta airgeadais sa todhchaí araon.

**Breithiúnais chriticiúla i dtaca le cur i bhfeidhm polasaithe cuntasaíochta na cuideachta**

Seo a leanas na breithiúnais chriticiúla, seachas iad sin ina bhfuil meastacháin i gceist, atá déanta ag na stiúrthóirí agus iad i mbun polasaithe cuntasaíochta na cuideachta a chur i bhfeidhm, agus a bhfuil an éifeacht is suntasaí acu ar na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

**Príomhfhoinse na neamhchinnteachta meastacháin – dualgais sochar sainmhínithe**

Tá breithniú déanta ag na stiúrthóirí maidir leis na boinn tuisceana atá riachtanach chun dliteanas na cuideachta a luacháil i dtaca leis an scéim phinsin le sochar sainmhínithe. Is é atá sna boinn tuisceana a rinneadh i dtaca leis an ráta lascaine, le boilsciú, le méaduithe pinsin sa todhchaí agus le hábharthacht ná meastacháin is fearr na stiúrthóirí, agus rinneadh iad i gcomhar le comhairleoirí pinsin na cuideachta.

**(3) Láimhdeachas**

Cuimsíonn láimhdeachas luach sonraise na seirbhísí sin a sholáthraítear ag an gcuideachta, gan CBL a chur san áireamh. Eascraíonn an láimhdeachas ar fad i bPoblacht na hÉireann.

**NÓTAÍ DO NA RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS (AR LEAN.)**  
**(Don bhliain airgeadais dar deireadh 31 Nollaig 2016)**

	<b>2016</b>	<b>2015</b>
	€	€
<b>(4) Costas na nDíolachán:</b>		
Oibriúchán agus Cothabháil	13,433,107	12,832,586
Dreidireacht	583,332	676,872
(Glan)dímheas (Féach nóta 11)	3,783,317	3,760,374
	<u>17,799,756</u>	<u>17,269,832</u>
	<b>2016</b>	<b>2015</b>
	€	€
<b>(5) Riarachán agus caiteachas ginearálta:</b>		
Caiteachas Ginearálta Riaracháin	5,140,270	4,962,932
Rátaí Údaráis Áitiúil	818,594	804,509
Cothú Trádála	313,658	329,272
Soláthar agus Ranníocaíochtaí Pinsin	741,864	894,977
Táille Iniúchta	38,000	38,000
	<u>7,052,386</u>	<u>7,029,690</u>
	<b>2016</b>	<b>2015</b>
	€	€
<b>(6) Míreanna eisceachtúla:</b>		
(Cailteanas)/Brabús ar Chur de Láimh Sócmhainní Seasta	(426,273)	8,508
	<u>(426,273)</u>	<u>8,508</u>
	<b>2016</b>	<b>2015</b>
	€	€
<b>(7) (Glan) Chostais airgeadais:</b>		
Ús Baine Infhála	19,802	52,628
Ús Baine agus Ús Eile iníoctha	(65,741)	(86,946)
Glanhostas Úis ar na Scéimeanna Pinsin	(161,000)	(257,000)
	<u>(206,939)</u>	<u>(291,318)</u>

**NÓTAÍ DO NA RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS (AR LEAN.)**  
**(Don bhliain airgeadais dar deireadh 31 Nollaig 2016)**

<b>(8) Brabús ar Ghnáthghníomhaíochtaí roimh Chánachas:</b>	<b><u>2016</u></b>	<b><u>2015</u></b>
Dearbhaítear an Brabús ar Ghnáthghníomhaíochtaí tar éis seo a ghearradh:	€	€
Luach saothair na nIniúcháirí:		
Seirbhísí Iniúchta	38,000	38,000
Ráthaíocht Eile	4,000	4,000
Comhlíontacht Chánach & Seirbhís Chomhairleach	26,460	26,397
Seirbhísí eile Neamhiniúchta	33,550	14,525
Dímheas	4,877,294	4,910,990
Agus tar éis seo a chur do Shochar:		
Deontais AE agus Rialtais	1,093,977	1,150,616
(Cailteanas)/Brabús ar Chur de Láimh Socmhainní Seasta	(426,273)	8,508

Míníodh an brabús tar éis cánachais don bhliain atá inchurtha i leith scairshealbhóirí cothromais, ar luach €3,392,611 (2015: €4,805,806) i ráitis airgeadais na cuideachta. De réir Ailt 304(2) d'Acht na gCuideachtaí 2014, tá an chuid ag baint leasa as an díolúine ó chur a Ráitis Aonair Ioncaim i láthair don Chruinniú Cinn Bliana. Bhain an cuideachta leas freisin as an díolúine maidir le comhdú a Ráitis Aonair Ioncaim le Cláraitheoir na gCuideachtaí, faoi mar a cheadaítear ag Acht na gCuideachtaí, 2014.

<b>(9) Líon agus Costais na Foirne:</b>	<b><u>2016</u></b>	<b><u>2015</u></b>
Seo a leanas meánlíon míosúil na ndaoine a bhí fostaithe ag an gcuideachta le linn na bliana airgeadais:	128	121
Seo a leanas Costais Chomhiomlána Phárolla na ndaoine seo:	<b><u>2016</u></b>	<b><u>2015</u></b>
	€	€
Pá agus Tuarastal	8,387,027	8,154,462
Costais Slándála Sóisialaí	904,981	884,285
Costais na Sochair Scor	741,864	894,977
	10,033,872	9,933,724

**NÓTAÍ DO NA RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS (AR LEAN.)**  
**(Don bhliain airgeadais dar deireadh 31 Nollaig 2016)**

<b>(9) Líon agus Costais na Foirne – ar lean:</b>	<b><u>2016</u></b>	<b><u>2015</u></b>
	<b>€</b>	<b>€</b>
Táillí na Stiúrthóirí	108,020	108,465
Luach Saothair eile na Stiúrthóirí	327,910	326,141
Rannfócaíochtaí don scéim phinsin le rannfócaíocht shainithe (2 Stiúrthóirí) (2015: 2 Stiúrthóirí)	45,915	45,753
	<u>                    </u>	<u>                    </u>

Nialasach atá na suimeanna eile nach mór iad a fhaisnéisiú de réir A. 305/306 d'Acht na gCuideachtaí 2014 don dá bhliain.

Tá san áireamh i dtáillí agus luach saothair na stiúrthóirí thuas pacáiste luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh, mar seo a leanas:

Táillí Stiúrthóra	12,600	12,600
Tuarastal iomlán	175,405	174,918
Sochair eile lena n-áirítear		
Costais Phinsin & Costas an Chairr Chuideachta	52,470	52,191
	<u>                    </u>	<u>                    </u>
	<u>240,475</u>	<u>239,709</u>

Ba é luach iomlán an chúitimh don phríomhphearsanra bhainistíochta ná €923,553 (2015: €962,746).

<b>(10) Cánachas:</b>	<b><u>2016</u></b>	<b><u>2015</u></b>
<b>(a) Anailís den Mhuirear Cánach</b>	<b>€</b>	<b>€</b>
Muirear na Cánach Corparáide ar Bhrabús don bhliain airgeadais	(645,079)	(656,747)
	(152,148)	(105,668)
Muirear Iarchurtha Cánachais		
	<u>                    </u>	<u>                    </u>
	<u>(797,227)</u>	<u>(762,415)</u>

<b>(b) Fachtóirí a théann i bhfeidhm ar an Muirear Cánach</b>	<b><u>2016</u></b>	<b><u>2015</u></b>
	<b>€</b>	<b>€</b>
Tá an cháin a measúnaíodh don bhliain airgeadais níos airde ná an ráta caighdeánach cánach corparáide i bPoblacht na hÉireann. Mínítear na difríochtaí thíos:		
Brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas	4,076,747	5,248,274
Brabús ag an ráta caighdeánach cánach, 12.5%	509,593	656,034
Difríocht idir liúntais chaipitil le hais dímheasa	135,020	81,816
Glansuimeanna nach bhfuil inchánach	1,825	(77,223)
Ioncam neamhthrádála atá inchánach ag an ráta níos airde	6,082	23,846
Aisíocaíocht DIRT	(7,441)	(12,909)
Muirear cánach iarchurtha	152,148	105,668
Rósholáthar sa bhliain roimhe sin	-	(14,817)
	<u>                    </u>	<u>                    </u>
	<u>797,227</u>	<u>762,415</u>



**NÓTAÍ DO NA RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS (AR LEAN.)**  
(Don bhliain airgeadais dar deireadh 31 Nollaig 2016)

	Struchtúir Dhuga €	Gléasra agus Innealra €	Báid Snámha €	Dreidireacht Chaipítíl €	Foirgnimh €	Talamh & Léasachtaí €	Iomlán €
<b>(11) Sócmhainní Inláimhsithe - Grúpa:</b>							
<b>Méid comhlán:</b>							
Costas ag 1 Eanáir 2016	89,406,497	32,441,898	10,601,838	4,298,419	15,660,551	23,248,158	175,657,361
Breiscanna	9,398,337	840,767	27,393	-	128,385	15,137	10,410,019
Díúscairtí	-	(114,943)	-	-	(2,697,387)	-	(2,812,330)
Costas ag 31 Nollaig 2016	98,804,834	33,167,722	10,629,231	4,298,419	13,091,549	23,263,295	183,255,050
<b>Dímheas:</b>							
Ag 1 Eanáir 2016	42,016,370	24,439,996	6,103,491	3,238,140	7,763,108	-	83,561,105
Curtha ar fáil le linn na bliana airgeadais	2,580,937	1,018,161	516,341	171,937	589,918	-	4,877,294
Díúscairtí	-	(58,559)	-	-	(2,283,498)	-	(2,342,057)
Ag 31 Nollaig 2016	44,597,307	25,399,598	6,619,832	3,410,077	6,069,528	-	86,096,342
<b>Suim Ghlanluacha:</b>							
Ag 1 Eanáir 2016	47,390,127	8,001,902	4,498,347	1,060,279	7,897,443	23,248,158	92,096,256
Ag 31 Nollaig 2016	54,207,527	7,768,124	4,009,399	888,342	7,022,021	23,263,295	97,158,708

**NÓTAÍ DO NA RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS (AR LEAN.)**  
**(Don bhliain airgeadais dar deireadh 31 Nollaig 2016)**

**(11) Sócmhanní Inláimhsithe -  
Cuideachta:**

**Méid comhlán:**

Costas ag 1 Eanáir 2016

Breiseanna

Díúscairtí

Costas ag 31 Nollaig 2016

**Dímheas:**

Ag 1 Eanáir 2016

Curtha ar fáil le linn na bliana airgeadais

Díúscairtí

Ag 31 Nollaig 2016

**Suim Ghlanluacha:**

Ag 1 Eanáir 2016

Ag 31 Nollaig 2015

Struchtúir Dhuga €	Gléasra agus Innealra €	Báid Snámha €	Dreidir-eacht Chaipitíl €	Foirgnimh €	Talamh €	Iomlán €
89,406,497	32,360,463	10,601,838	4,298,419	15,660,551	19,221,772	171,549,540
9,398,337	840,767	27,393	-	128,385	15,137	10,410,019
-	(114,943)	-	-	(2,697,387)	-	(2,812,330)
98,804,834	33,086,287	10,629,231	4,298,419	13,091,549	19,236,909	179,147,229
42,016,370	24,358,563	6,103,491	3,238,140	7,763,108	-	83,479,672
2,580,937	1,018,161	516,341	171,937	589,918	-	4,877,294
-	(58,559)	-	-	(2,283,498)	-	(2,342,057)
44,597,307	25,318,165	6,619,832	3,410,077	6,069,528	-	86,014,909
47,390,127	8,001,900	4,498,347	1,060,279	7,897,443	19,221,772	88,069,868
54,207,527	7,768,122	4,009,399	888,342	7,022,021	19,236,909	93,132,320

**NÓTAÍ DO NA RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS (AR LEAN.)**  
(Don bhliain airgeadais dar deireadh 31 Nollaig 2016)

**(11) Sócmhainní Inláimhsithe - Grúpa :**

**Méid comhlán:**

Costas ag 1 Eanáir 2015

Breiscanna

Diúscairtí

Costas ag 31 Nollaig 2015

**Dímheas:**

Ag 1 Eanáir 2015

Curtha ar fáil le linn na bliana airgeadais

Diúscairtí

Ag 31 Nollaig 2015

**Suim Ghlanluacha:**

Ag 1 Eanáir 2015

Ag 31 Nollaig 2015

Struchtúir Dhuga €	Gléasra agus Innealra €	Báid Snámha €	Dreidireacht Chaipítíl €	Foirgnimh €	Talamh & Léasachtaí €	Iomlán €
84,491,121	31,546,418	10,533,456	4,298,419	15,620,104	23,119,158	169,608,676
4,915,376	986,025	68,382	-	40,447	129,000	6,139,230
-	(90,545)	-	-	-	-	(90,545)
89,406,497	32,441,898	10,601,838	4,298,419	15,660,551	23,248,158	175,657,361
39,521,855	23,347,820	5,590,550	3,066,203	7,173,413	-	78,699,841
2,494,515	1,141,902	512,941	171,937	589,695	-	4,910,990
-	(49,726)	-	-	-	-	(49,726)
42,016,370	24,439,996	6,103,491	3,238,140	7,763,108	-	83,561,105
44,969,266	8,198,598	4,942,906	1,232,216	8,446,691	23,119,158	90,908,835
47,390,127	8,001,902	4,498,347	1,060,279	7,897,443	23,248,158	92,096,256

**NÓTAÍ DO NA RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS (AR LEAN.)**  
**(Don bhliain airgeadais dar deireadh 31 Nollaig 2016)**

	<b>Struchtúir Dhuga €</b>	<b>Gléasra agus Innealra €</b>	<b>Báid Snámha €</b>	<b>Dreidir-eacht Chaipítíl €</b>	<b>Foirgnimh €</b>	<b>Talamh €</b>	<b>Iomlán €</b>
<b>(11) Sócmhainní Inláimhsithe - Cuideachta :</b>							
<b>Méid comhlán :</b>							
Costas ag 1 Eanáir 2015	84,491,121	31,464,983	10,533,456	4,298,419	15,620,104	19,092,772	165,500,855
Breiseanna	4,915,376	986,025	68,382	-	40,447	129,000	6,139,230
Díúscairtí	-	(90,545)	-	-	-	-	(90,545)
Costas ag 31 Nollaig 2015	89,406,497	32,360,463	10,601,838	4,298,419	15,660,551	19,221,772	171,549,540
<b>Dímheas :</b>							
Ag 1 Eanáir 2015	39,521,855	23,266,387	5,590,550	3,066,203	7,173,413	-	78,618,408
Curtha ar fáil le linn na bliana airgeadais	2,494,515	1,141,902	512,941	171,937	589,695	-	4,910,990
Díúscairtí	-	(49,726)	-	-	-	-	(49,726)
Ag 31 Nollaig 2015	42,016,370	24,358,563	6,103,491	3,238,140	7,763,108	-	83,479,672
<b>Suim Ghlanluacha :</b>							
Ag 1 Eanáir 2015	44,969,266	8,198,598	4,942,906	1,232,216	8,446,691	19,092,772	86,882,449
Ag 31 Nollaig 2015	47,390,127	8,001,900	4,498,347	1,060,279	7,897,443	19,221,772	88,069,868

**NÓTAÍ DO NA RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS (AR LEAN.)**  
**(Don bhliain airgeadais dar deireadh 31 Nollaig 2016)**

**(12) Sócmhainní Seasta Inláimhsithe –  
Sócmhainní Oidhreachta:**

Tá mar chuid de na sócmhainní seasta sócmhainní oidhreachta faoi mar a fhorordaítear iad faoi FRS 102, mar seo a leanas:

<b><u>Costas</u></b>	<b><u>Pictiúir</u></b>	<b><u>Iomlán</u></b>
	<b>€</b>	<b>€</b>
1 Eanáir 2016	312,699	312,699
Breiseanna	-	-
31 Nollaig 2016	<u>312,699</u>	<u>312,699</u>
Ag Luacháil	-	-
Ag Costas	<u>312,699</u>	<u>312,699</u>
Iomlán	<u>312,699</u>	<u>312,699</u>

<b><u>Achoimriú Airgeadais 5 bliana na Sócmhainní Oidhreachta</u></b>	<b>2016</b>	<b>2015</b>	<b>2014</b>	<b>2013</b>	<b>2012</b>
	<b>€</b>	<b>€</b>	<b>€</b>	<b>€</b>	<b>€</b>
Ceannacháin	-	-	38,200	-	-
Tabhartais	-	-	-	-	-
Líon iomlán breiseanna	-	-	<u>38,200</u>	-	-
<b><u>Diúscairtí</u></b>					
Suim Ghlanluacha	-	-	-	-	-
Fáltais Díolacháin	-	-	-	-	-

**Le hais na bliana roimhe sin**

Tá san áireamh sna sócmhainní seasta sócmhainní oidhreachta faoi mar a fhorordaítear iad faoi FRS 102, mar seo a leanas:

<b><u>Costas</u></b>	<b><u>Pictiúir</u></b>	<b><u>Iomlán</u></b>
	<b>€</b>	<b>€</b>
1 Eanáir 2015	312,699	312,699
Breiseanna	-	-
31 Nollaig 2015	<u>312,699</u>	<u>312,699</u>
Ag Luacháil	-	-
Ag Costas	<u>312,699</u>	<u>312,699</u>
Iomlán	<u>312,699</u>	<u>312,699</u>

**NÓTAÍ DO NA RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS (AR LEAN.)**  
(Don bhliain airgeadais dar deireadh 31 Nollaig 2016)

(13) Sócmhainní Airgeadais:	2016	2016	2015	2015
	GRÚPA	CUIDEA- CHTA	GRÚPA	CUIDEA- CHTA
Infheistíochtaí i bhFochuideachtaí, i gCuideachtaí Comhlachtaithe agus Infheistíochtaí Eile	€	€	€	€
Costas ag 1 Eanáir	-	3,392,985	-	3,392,985
Soláthar do Bhearnú	-	-	-	-
Iarmhéid ag 31 Nollaig	-	3,392,985	-	3,392,985

Tá san áireamh sna hinfeistíochtaí i bhFochuideachtaí, Cuideachtaí Comhlachtaithe agus Infheistíochtaí Eile:

- (a) **Seirbhísí Chríochfoirt Phort Chorcaí Teoranta**, ar scairshealbhóirí 100% cláraithe iad ainmnithe Chuideachta Phort Chorcaí. Tá an chuideachta seo corpraithe i bPoblacht na hÉireann, le seoladh cláraithe ag 49, An Meal Theas, Corcaigh. Soláthraíonn an chuideachta seirbhísí stíbheadóireachta i bPort Chorcaí.
- (b) Tá **Aniram MDA Teoranta** i seilbh 100% Chuideachta Phort Chorcaí. Tá an chuideachta seo corpraithe i bPoblacht na hÉireann, le seoladh cláraithe ag Oifig an Chustaim, Sráid Teach an Chustaim, Corcaigh. Is í príomhghníomhaíocht na cuideachta ná bainistiú agus forbairt na réadmhaoine léasachta atá i seilbh na cuideachta.
- (c) Is cuideachta neamhtrádála é **Gaelic Ferries Teoranta**, le seoladh cláraithe ag An Feistiú, Cúirt na Mara, Na Creagacha Dubha, Dún Dealgan, Co. Lú a bhfuil sainleas gaolmhar de 28.4% ag Cuideachta Phort Chorcaí ann.
- (d) **Cuideachta Phort Bhá Bheanntaí Teoranta**. Ar 1 Eanáir 2014 aistríodh gníomhaíochtaí, sócmhainní agus trádáil Choimisinéirí Chuan Bhá Bheanntaí chuig Cuideachta Phort Chorcaí. Bunaíodh fochuideachta, Cuideachta Phort Bhá Bheanntaí Teoranta, chun gníomhaíochtaí Chuain Bheanntaí a bhainistiú.

(14) Féichiúnaithe:	2016	2016	2015	2015
	GRÚPA	CUIDEA- CHTA	GRÚPA	CUIDEA- CHTA
<b>Suimeanna atá le bheith dlite laistigh de bhliain airgeadais amháin:</b>	€	€	€	€
Féichiúnaithe trádála	3,991,860	3,664,638	3,703,099	3,408,240
Ciste Aoisliúntais Phort Chorcaí	2,093,586	2,093,586	1,597,681	1,597,681
Cáin Bhreisluacha	184,215	177,527	163,974	159,575
Féichiúnaithe Eile	735,729	627,195	1,034,568	927,697
Cánacha Corparáide	119,074	67,164	-	-
Suimeanna atá dlite ó Fhochuideachta	-	850,503	-	850,503
	7,124,464	7,480,613	6,499,322	6,943,696

Tá an tsuim atá dlite ó fhochuideachta neamhurráithe, saor ó ús agus tá sí inaisíochta ar éileamh.

**NÓTAÍ DO NA RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS (AR LEAN.)**  
(Don bhliain airgeadais dar deireadh 31 Nollaig 2016)

(15) Creidiúnaithe:	2016		2015	
	GRÚPA	CUIDEA-CHTA	GRÚPA	CUIDEA-CHTA
<b>Suimeanna atá le bheith dlite laistigh de bhliain airgeadais amháin:</b>	€	€	€	€
Creidiúnaithe Trádála	950,919	944,785	529,931	492,914
Fabhruithe	4,436,682	3,943,589	4,387,820	4,028,742
Iasachtaí (Nóta 16)	1,137,259	1,137,259	1,125,492	1,125,492
Cánacha Párolla	348,255	341,834	354,479	352,107
Árachas Sóisialach Pá-choibhneasta	147,683	146,306	126,355	123,771
Cánacha Corparáide	-	-	538,829	515,226
Suimeanna atá dlite don fhochuideachta	-	338,010	-	459,813
	<u>7,020,798</u>	<u>6,851,783</u>	<u>7,062,906</u>	<u>7,098,065</u>

Tá an tsuim atá dlite don fhochuideachta neamhurráithe, saor ó ús agus tá sí inaisíoctha ar éileamh.

(16) Fiach Caipitil - Grúpa agus Cuideachta:	2016		2015	
(a) Suimeanna atá le bheith dlite tar éis níos mó ná bliain airgeadais amháin:	€		€	
Iasachtaí – In-aisíoctha ina thráthchodanna 2 - 3 bliana		1,401,982		1,999,934
Iasachtaí – In-aisíoctha ina thráthchodanna 4 - 5 bliana		1,073,614		1,071,113
Iasachtaí – In-aisíoctha ina thráthchodanna 5 bliana		1,715,413		2,257,388
		<u>4,191,009</u>		<u>5,328,435</u>
(b) Coimeádtar Fiach Caipitil mar seo a leanas:	2016	2016	2015	2015
	€	€	€	€
Iníoctha	Laistigh de 1 bhliain	Tar éis 1 bhliana	Laistigh de 1 bhliain	Tar éis 1 bhliana
Stoc dofhuascailte	-	1,270	-	1,270
<b>Iasacht bhainc:</b>				
In-aisíoctha faoi 2024	1,137,259	4,189,739	1,125,492	5,327,165
<b>Fiach Caipitil Iomlán</b>	<u>1,137,259</u>	<u>4,191,009</u>	<u>1,125,492</u>	<u>5,328,435</u>

(17) Deontais Chaipitil – Grúpa agus Cuideachta:	2016		2015	
	€		€	
Iarmhéid tosaigh		21,995,887		20,559,083
Deontais a fuarthas		4,020,941		2,587,420
Deontas a amúchadh		(1,093,977)		(1,150,616)
Iarmhéid deiridh		<u>24,922,851</u>		<u>21,995,887</u>

**NÓTAÍ DO NA RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS (AR LEAN.)**  
**(Don bhliain airgeadais dar deireadh 31 Nollaig 2016)**

<b>(18) Soláthar do Dhliteanais – Grúpa agus Cuideachta:</b>	<b><u>2016</u></b>	<b><u>2015</u></b>
	<b>€</b>	<b>€</b>
Cánachas Iarchurtha	(168,729)	131,998
Ciste Aoisliúntais Phort Chorcaí	2,068,000	1,886,000
Pinsin (féach nóta 21)	10,966,000	7,525,000
	<u>12,865,271</u>	<u>9,542,998</u>
 Cánachas Iarchurtha:		
Leagtar amach thíos na suimeanna a sholáthraítear don ábhar dliteanais chánachais iomlán iarchurtha:		
Ar dhifríocht idir dímheas carntha agus amúchadh na Liúntas Caipitil	1,460,521	1,308,373
Ar an Scéim Phinsin le Sochar Sainithe	(1,370,750)	(940,625)
Ar Scéim Aoisliúntais Phort Chorcaí	(258,500)	(235,750)
	<u>(168,729)</u>	<u>131,998</u>
	<b><u>2016</u></b>	<b><u>2015</u></b>
	<b>€</b>	<b>€</b>
<b>(19) Scairchaipiteal Glaoite Curtha i Láthair mar Chothroimas – Grúpa agus Cuideachta:</b>		
Cothroimas:		
Údaraithe:		
47,000,000 Gnáthscair ar luach €1.25 an ceann	58,750,000	58,750,000
Cionroinnte, eisithe agus lánfótha:		
18,014,977 Gnáthscair cionroinnte, eisithe agus lánfótha ar luach €1.25 an ceann	22,518,722	22,518,722



**NÓTAÍ DO NA RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS (AR LEAN.)**  
(Don bhliain airgeadais dar deireadh 31 Nollaig 2016)

(20) Gluaiseachtaí ar Chúlchistí:	<u>2016</u>	<u>2016</u>	<u>2015</u>	<u>2015</u>
Cúlchiste Comhshóite Caipitil:	GRÚPA	CUIDEA- CHTA	GRÚPA	CUIDEA- CHTA
	€	€	€	€
Iarmhéid Tosaigh ag 1 Eanáir	267,320	267,320	267,320	267,320
Gluaiseacht don Bhliain Airgeadais	-	-	-	-
<b>Iarmhéid deiridh ag 31 Nollaig</b>	<u>267,320</u>	<u>267,320</u>	<u>267,320</u>	<u>267,320</u>
<b>Cúlchiste Caipitil:</b>	<b>€</b>	<b>€</b>	<b>€</b>	<b>€</b>
Iarmhéid Tosaigh ag 1 Eanáir	989	-	989	-
Gluaiseacht don Bhliain Airgeadais	-	-	-	-
<b>Iarmhéid deiridh ag 31 Nollaig</b>	<u>989</u>	<u>-</u>	<u>989</u>	<u>-</u>
<b>Cuntas Brabúis agus Caillteanais:</b>	<b>€</b>	<b>€</b>	<b>€</b>	<b>€</b>
Iarmhéid Tosaigh ag 1 Eanáir	51,628,835	51,200,333	42,897,436	42,148,987
Brabús don Bhliain Airgeadais	3,279,520	3,392,611	4,485,859	4,805,806
(Caillteanas)/ Gnóthachan Achtúireach Aitheanta ar Scéimeanna Pinsin	(4,143,000)	(4,143,000)	5,596,000	5,596,000
(Caillteanas)/ Gnóthachan Achtúireach Aitheanta ar Dhlíteanas Ciste Aoisliúntais Phort Chorcaí	(182,000)	(182,000)	54,000	54,000
Díbhinn Íoctha	(672,904)	(672,904)	(650,460)	(650,460)
Cáin Iarchurtha bainteach le Gnóthachan / (Caillteanas) Achtúireach	452,875	452,875	(754,000)	(754,000)
<b>Iarmhéid Deiridh ag 31 Nollaig</b>	<u>50,363,326</u>	<u>50,047,915</u>	<u>51,628,835</u>	<u>51,200,333</u>
Cúlchistí Iomlána	<u>50,631,635</u>	<u>50,315,235</u>	<u>51,897,144</u>	<u>51,467,653</u>

D'íoc an Chuideachta díbhinn de 3.74 faoin gcéad in aghaidh na scaire le linn na bliana chuig a scairshealbhóir.

Is é atá i gceist leis an gcúlchiste brabúis agus caillteanais brabúis nó caillteanais charnacha, brabús neamhréadaithe ar atomhas réadmhaoine infheistíochta san áireamh, glan ar dhíbhinní íoctha agus coigeartuithe eile.

Is é atá i gceist leis an gcúlchiste comhshóite caipitil ná an difríocht a d'eascair ar chomhshóiteacht scaireanna na cuideachta ag eascairt as tabhairt isteach an euro.

**NÓTAÍ DO NA RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS (AR LEAN.)**  
**(Don bhliain airgeadais dar deireadh 31 Nollaig 2016)**

**(21) Scéimeanna Pinsin:**

**(a) Luacháil Achtúireach**

Sainmhíonn an Chuideachta scéimeanna pinsin le sochar sainithe. Cuireadh an luacháil luacháil achtúireach iomlán is déanaí Scéimeanna Pinsin Chuideachta Phort Chorcaí i gcrích ar 1 Eanáir 2015 ag Mercer Limited, Achtúirigh agus Sainchomhairleoirí, ag úsáid luacháil íoschaighdeáin mhaoinithe na ndliteanas. Ag dáta na luachála achtúirí ba é luach margaidh shócmhainní na scéimeanna ná €45.76 milliún agus thaispeáin an luacháil achtúireach go raibh luach achtúireach na sócmhainní sin ag leibhéal 81% na sochar a bhí fabhráithe ag na baill. Ba é méid na ranníocaíochtaí don bhliain airgeadais ná €1.483 milliún (2015: €1.224 milliún) de réir comhairle achtúirí neamhspleách agus cáilithe go proifisiúnta.

Rinne Cuideachta Phort Chorcaí íocaíochtaí pinsin ar luach iomlán €3.19 milliún le linn 2016 (2015: €3.1 milliún), ar son Ciste Aoisliúntais Chuideachta Phort Chorcaí.

Bhunaigh Bord Stiúrthóirí Chuideachta Phort Chorcaí scéim phinsin le sochar sainithe d'fhostaithe nua le feidhm ó 1 Eanáir 2006. D'íoc an Chuideachta suim ar luach €283,394 (2015: €246,200) chuig na scéimeanna pinsin le sochar sainithe le linn 2016. Leantar ar aghaidh leis na scéimeanna pinsin le sochar sainithe do dhaoine ar baill cheana féin iad.

**(b) Faisnéisithe**

**Boinn Tuisceana Airgeadais:**

Seo a leanas na boinn tuisceana airgeadais a úsáideadh chun na dliteanais scoir a áireamh ag 31 Nollaig:

<b>Modh Luachála</b>	<b>Modh na nAonad Réamh-mheasta 2016</b>	<b>Modh na nAonad Réamh-mheasta 2015</b>
Ráta Lascaine	1.70%	2.40%
Ráta Boilscithe	1.75%	1.75%
Méaduithe Tuarastail	1.75%	1.75%
Méaduithe Pinsin	0.00%	0.00%

**Boinn Tuisceana Mortlaíochta:**

Seo a leanas na boinn tuisceana a bhaineann le hionchas saoil ar dhul ar scor do na baill sin a théann ar scor in aois 65 bliana:

	<b>2016</b>	<b>2015</b>
<b>Ag dul ar scor inniu</b>		
Fir	22.9	22.8
Mná	24.9	24.8
<b>Ag dul ar scor i gceann 25 bliana</b>		
Fir	25.7	25.6
Mná	25.8	27.7

**NÓTAÍ DO NA RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS (AR LEAN.)**  
**(Don bhliain airgeadais dar deireadh 31 Nollaig 2016)**

**(21) Scéimeanna Pinsin –ar lean:**

Ba é luach airgid na sócmhainní sna scéimeanna pinsin (Cuideachta Phort Chorcaí agus Údarás Píolótaíochta Phort Chorcaí) ag 31 Nollaig, ná:

	<b>Luach Margaidh ag 31 Nollaig</b>	
	<b>2016</b>	<b>2015</b>
	<b>€000</b>	<b>€000</b>
Cothromais	30,418	32,538
Bannaí	19,050	16,091
Airgead/Eile	2,610	2,182
	<u>52,078</u>	<u>50,811</u>
Luach reatha na ndliteanas scéime pinsin	<u>(63,044)</u>	<u>(58,336)</u>
Glaneasnamh sna scéimeanna pinsin	(10,966)	(7,525)
Sócmhainn chánach ghaolmhar iarchurtha	<u>1,371</u>	<u>941</u>
Glandliteanas pinsin	<u>(9,595)</u>	<u>(6,584)</u>

Agus luach margaidh na sócmhainní thuas á n-áireamh, baineadh as suim ar luach €2.094m (2015: €1.598m) a bhí dlite do Chuideachta Phort Chorcaí. Tá Dliteanas Caipitil ar leith ag Cuideachta Phort Chorcaí ar luach €2.068m (2015: €1.9 m) fágtha ar leataobh ó na háirimh thuas, a bhaineann le Coiste Aoisliúntais Phort Chorcaí amháin. Cuirtear na suimeanna seo san áireamh, áfach, sa Ráiteas Comhdhlúite faoin Staid Airgeadais faoi mar a mhínítear sin i nótaí 14 agus 18 faoi seach.

	<b>2016</b>	<b>2015</b>
	<b>€000</b>	<b>€000</b>
(i) Anailís faoin tsuim a ghearrtar ar an mbrabús oibriúcháin		
Costas Reatha Seirbhíse	582	552
	<u>582</u>	<u>552</u>
(ii) Anailís ar an tsuim a ghearrtar ar ioncam airgeadais eile:		
Ús ar Dhliteanais Scéime	1,362	1,260
Ioncam Úis	(1,201)	(1,003)
	<u>161</u>	<u>257</u>
<b>Boinn Tuisceana Airgeadais:</b>	<b>2016</b>	<b>2015</b>
	<b>€000</b>	<b>€000</b>
(iii) Anailís ar an tsuim a aithnítear sa ráiteas gnóthachan agus cailteanas iomlán aitheanta (ráiteas comhdhlúite ioncaim chuimsithigh):		
Toradh iarbhir lúide toradh ionchais ar shócmhainní scéime	1,605	543
Gnóthachain ó thaithí	(231)	(444)
Athruithe sna boinn tuisceana	<u>(5,517)</u>	<u>5,497</u>
(Cailteanas)/Gnóthachan Achtúireach aitheanta sa ráiteas comhdhlúite ioncaim chuimsithigh	<u>(4,143)</u>	<u>5,596</u>

**NÓTAÍ DO NA RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS (AR LEAN.)**  
(Don bhliain airgeadais dar deireadh 31 Nollaig 2016)

**(21) Scéimeanna pinsin – ar lean.:**

**(c) Faisnéisithe – ar lean**

**Boinn Tuisceana Airgeadais- ar lean.:**

(iv) Anailís ar an ngluaiseacht easnamh le linn na bliana airgeadais ná:

	<b>2016</b>	<b>2015</b>
	<b>€000</b>	<b>€000</b>
(a) Athrú sa dualgas sochair		
Dualgas sochair ag tús na bliana airgeadais	58,336	64,558
Costas Seirbhíse	582	552
Costas Úis	1,362	1,260
Ranníocaíocht rannpháirtithe an phlean	206	207
Cailteanas/ (gnóthachan) achtúireach	5,748	(5,053)
Sochair íoctha	(3,190)	(3,188)
<b>Dualgas sochair ag deireadh na bliana airgeadais</b>	<b>63,044</b>	<b>58,336</b>
(b) Athrú sna sócmhainní plean		
Luach cothrom na sócmhainní plean ag tús na bliana airgeadais	50,811	51,055
Ioncam úis	1,201	1,003
Gnóthachan achtúireach	1,605	543
Ranníocaíochtaí fostaí	1,483	1,224
Ranníocaíochtaí rannpháirtithe an phlean	206	207
Sochair íoctha ón bplean	(3,190)	(3,188)
Costais íoctha	(38)	(33)
<b>Luach cothrom na sócmhainní plean ag deireadh na bliana airgeadais</b>	<b>52,078</b>	<b>50,811</b>

Leagtar amach thíos an faisnéisiú measta ráitis ioncaim do 2017. Tabharfar seo chun críche ag deireadh 2017 chun na tuarastail iarbhíre a léiriú a íocadh le linn na bliana, aon mhéaduithe a deonadh agus aon athruithe suntasacha ballraíochta. Is fachtóir é an ráta ionchais toraidh ar na sócmhainní a bhí faisnéisithe ag 31 Nollaig 2016, agus an costas seo á chinneadh.

<b>An tSuim a Gearradh ar an mBrabús Oibriúcháin</b>	<b>€000</b>
Costas Reatha Seirbhíse	726
	<b>726</b>
<b>Suim curtha do Shochar chuig Ioncam Eile Airgeadais</b>	
Ús ar Dhhliteanais	1,044
Toradh Ionchais ar Shócmhainní	(872)
	<b>172</b>
<b>Ráiteas Ioncaim 2017</b>	<b>898</b>

***NÓTAÍ DO NA RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS (AR LEAN.)***  
***(Don bhliain airgeadais dar deireadh 31 Nollaig 2016)***

**(21) Scéimeanna pinsin –ar lean.:**

**(c) Faisnéisithe – ar lean.:**

**Boinn Tuisceana Airgeadais- ar lean.:**

Stair na nGnóthachan agus na gCailteanas ó Thaithí	<b>2016</b>	<b>2015</b>	<b>2014</b>	<b>2013</b>	<b>2012</b>
	<b>€000</b>	<b>€000</b>	<b>€000</b>	<b>€000</b>	<b>€000</b>
Toradh iarbhír lúide an toradh ionchais ar shócmhainní scéime	1,605	543	4,660	828	3,998
% na sócmhainní scéime	3.08%	1.06%	9.00%	1.80%	8.60%
Gnóthachain agus cailteanas ó thaithí	(231)	(444)	459	654	(27)
% de luach reatha na ndliteanas scéime	(0.37%)	(0.76%)	0.71%	1.20%	(0.0%)
Gnóthachain agus Cailteanas Achtúireacha atá aitheanta sa ráiteas comhdhlúite faoi ioncam cuimsitheach	(4,143)	5,596	(6,332)	2,853	(3,794)
% de luach reatha na ndliteanas scéime	(6.57%)	9.59%	(9.80%)	5.26%	(6.61%)

**(22) Ceangaltais Chaipitil – Grúpa agus Cuideachta:**

Caiteachas caipitil a bhfuarthas conradh dó ach nach ndearnadh  
soláthar dó sna Ráitis Airgeadais.

<b><u>2016</u></b>	<b><u>2015</u></b>
<b>€</b>	<b>€</b>
5,900,582	10,658,672

**(23) Ionstraimí Airgeadais**

Tugtar achoimriú faoi shuimeanna glanluacha sócmhainní agus dliteanas airgeadais na cuideachta thíos:

**Sócmhainní Airgeadais**

Tomhaiste ag méid infhála neamhslascainithe:

- Féichiúnaithe trádála

3,991,860	3,708,099
-----------	-----------

**Dliteanas Airgeadais**

Tomhaiste ag méid iníoctha neamhslascainithe:

- Suimeanna iníoctha trádála

950,919	529,931
---------	---------

Tomhaiste ag costas amúchta

- Fiachas Caipitil

5,328,268	6,453,927
-----------	-----------


***NÓTAÍ DO NA RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS (AR LEAN.)***  
***(Don bhliain airgeadais dar deireadh 31 Nollaig 2016)***

**(24) Idirbhearta Gaolmhara Páirtí:**

Mar an gcéanna lena lán aonán eile, pléann Cuideachta Phort Chorcaí mar chuid dá ghnáthghno le haonáin de chuid an Rialtais, Údarás Áitiúla: Comhairle Chathrach Chorcaí agus Comhairle Chontae Chorcaí, agus le cuideachtaí faoi úinéireacht an Stáit ar bhonn an fheidhmithe neamhspleách.

**(25) Imeachtaí iartheachtacha:**

Ní hann d'aon imeachtaí tar éis na bliana airgeadais nach mór iad a fhaisnéisiú.



Port of Cork Company

Harbour Office

Custom House Street

Cork



[www.portofcork.ie](http://www.portofcork.ie)